Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Nollaig 2025**
**(OR. en)**

**15573/25**

**CORDROGUE 153**
**SAN 751**
**JAI 1848**
**RELEX 1511**
***EUDA***
***EUROPOL***

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 4 Nollaig 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 743 final |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE<br>maidir le Straitéis Drugaí an Aontais Eorpaigh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 743 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 743 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 4.12.2025
COM(2025) 743 final

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir le Straitéis Drugaí an Aontais Eorpaigh**

## RÉAMHRÁ

Tá dúshláin mhóra slándála, sláinte agus shóisialta roimh an Eoraip a bhaineann le gáinneáil ar dhrugaí aindleathacha agus lena n-úsáid. Bíonn tionchar mór aige sin ar shábháilteacht agus ar shlándáil ár mbailte, ár gcathracha agus ár bpobal áitiúil. Cuireann margaí drugaí sofaisticiúil foréigneach atá ag fás le coireacht mhéadaithe, spleáchas, ródháileoga, leathadh galar tógálach[1], agus díghrádú comhshaoil, pobail dhíchobhsaitheacha[2] agus brú ar acmhainní poiblí.

Is **gnó coiriúil domhanda atá ag fás agus ag athrú** é táirgeadh drugaí aindleathacha, gáinneáil orthu agus iad a dháileadh. San Aontas, bíonn leath de na líonraí coiriúla is contúirtí ag gabháil do gháinneáil ar dhrugaí, agus baineann os cionn dhá thrian díobh úsáid as foréigean[3]. Tá méadú as cuimse tagtha le blianta beaga anuas ar **shreabha cócaoin chuig calafoirt na hEorpa**, go díreach ó Mheiriceá Laidineach nó tríd an Afraic Thiar[4]. **Baineann líonraí coiriúla úsáid as teicneolaíochtaí faisnéise agus déanann siad a *modi operandi*a oiriúnú** chun a sheachaint go mbraifear iad agus chun oiriúnú do rialuithe. Déanann siad oibríochtaí gáinneála a éagsúlú chuig bealaí nach bhfuil chomh rialaithe céanna agus leathnaíonn siad a láithreacht ar líne, trí úsáid a bhaint as ardáin ríomhthráchtála agus na meáin shóisialta, uirlisí anaithnidithe agus criptithe chun a leasa féin. Déanann siad réamhtheachtaithe drugaí, lena n-áirítear réamhtheachtaithe dearthóra, a atreorú agus a gháinneáil chun drugaí sintéiseacha a tháirgeadh. Tá na coirpigh sin ag insíothlú isteach inár sochaí **trí úsáid a bhaint as foréigean, lena n-áirítear foréigean ó mhionaoisigh**, rud a chuireann leis an neamhshláine phoiblí, agus a dhíchobhsaíonn pobail, teaghlaigh agus geilleagair.

Tá **dúshláin thromchúiseacha sláinte** fós ag baint le húsáid drugaí **san Aontas**, agus déantar difear ar leith do dhaoine óga. Agus méadú ag teacht ar thomhaltas cócaoin agus substaintí sícighníomhacha nua ag teacht chun cinn, tháinig méadú ar na **rioscaí a bhaineann le nimhiú** agus básanna a bhaineann le drugaí, beagnach 7 500 san iomlán in 2023[5]. Cuireann na forbairtí sin brú ar chórais faireacháin agus **cuireann siad bac ar iarrachtaí éifeachtacha cóireála agus laghdaithe dochair**. Fiú grúpaí atá comhtháite go sóisialta, tá méadú ag teacht ar an úsáid a bhaineann siad as spreagthaigh amhail cócaon, rud a chuireann tionchair thromchúiseacha sláinte agus dochar fhadtéarmach i mbaol. Cuireann úsáid drugaí sláinte agus cobhsaíocht shóisialta grúpaí éagsúla i mbaol, go háirithe iad siúd atá i staideanna leochaileacha cheana féin.

Ar deireadh, **déanann táirgeadh drugaí agus gáinneáil orthu dochar don chomhshaol** trí dhramhaíl cheimiceach thocsaineach a dhumpáil agus trí ghnáthóga a scriosadh, rud a imríonn tionchar ar spás maireachtála na bpobal áitiúil agus a thugann dúshlán d’fhorfheidhmiú an dlí maidir le saotharlanna drugaí agus dumpaí dramhaíola a dhíchóimeáil go sábháilte.

Tá na bagairtí sin le brath ar fud na mBallstát ag saoránaigh ina saol laethúil. In Eorabharaiméadar a rinneadh le déanaí, thuairiscigh ceathrar as gach deichniúr freagróirí gur fadhbanna

---

[1] Gníomhaireacht Drugaí an Aontais Eorpaigh (EUDA) (2025), *European Drug Report 2025. Trends and Developments*. [an Tuarascáil Eorpach um Dhrugaí 2025. Treochtaí agus Forbairtí].

[2] An Coimisiún Eorpach (2024), *Eurobarometer survey on the impact of drugs on local communities* [Suirbhé Eorabharaiméadair maidir le tionchar drugaí ar phobail áitiúla].

[3] Europol (2024), *Na líonraí coiriúla is bagraí san Aontas a dhíchódú.*

[4] UNODC, *Tuarascáil Dhomhanda ar Dhrugaí* (2025).

[5] EUDA (2025), *an Tuarascáil Eorpach um Dhrugaí 2025. Treochtaí agus Forbairtí.*

tromchúiseacha iad gáinneáil ar dhrugaí agus úsáid drugaí ina gceantair féin, agus mheas breis agus an tríú duine go raibh méadú tagtha ar fhadhbanna le blianta beaga anuas[6].

Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá ag dul i méid maidir le húsáid drugaí agus gáinneáil ar dhrugaí, ní mór cur chuige uaillmhianach maidir le beartas drugaí a bheith ag an Aontas Eorpach. Leis an straitéis sin, tá bealach chun cinn á leagan síos ag an gCoimisiún arb é is aidhm dó **folláine na saoránach a chosaint, an tsláinte phoiblí a fheabhsú, agus an tslándáil a áirithiú**, agus **cuir chuige ildisciplíneacha á gcur chun cinn an tráth céanna chun dochar a chosc agus pobail athléimneacha rathúla a chothú agus an comhshaol a chosaint**. Is straitéis í lena neartófar **ullmhacht agus freagairt an Aontais ar dhúshláin atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo a bhaineann le drugaí**.

[6] An Coimisiún Eorpach (2024), *Eurobarometer survey on the impact of drugs on local communities* [Suirbhé Eorabharaiméadair maidir le tionchar drugaí ar phobail áitiúla]


## AN CREAT STRAITÉISE MAIDIR LE DRUGAÍ: CUSPÓIRÍ AGUS TREOIRPHRIONSABAIL

Agus tiomantas an Aontais do **chur chuige cothrom ildisciplíneach** á athdhearbhú aici, is é is aidhm don Straitéis srian a chur le húsáid drugaí agus an choireacht eagraithe a chomhrac trí bhearta sláinte, sóisialta agus slándála atá bunaithe ar **fhianaise eolaíoch** a threisiú. Baineann grúpaí coireachta eagraithe leas as bearnaí dlíthiúla agus as éagsúlachtaí beartais, agus tá tírdhreach na **ndrugaí** ag athrú go tapa. Dá bhrí sin, cuirtear **cur chuige comhtháite** maidir le beartas drugaí chun cinn sa straitéis, lena moltar comhordú ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil. Tá slándáil, sláinte agus freagairtí sóisialta fite fuaite ann chun cosaint a thabhairt ar ghéarchéimeanna drugaí a d'fhéadfadh a bheith ann, rud a chinntíonn go gcosnaítear saoránaigh agus pobail agus go laghdaítear an dochar a dhéanann siad.

Cuireann an straitéis comhar cuimsitheach le páirtithe leasmhara chun cinn trí **chur chuige uile-shochaí**, trí chomhar earnála agus comhpháirtíochta a neartú agus trí pháirt ghníomhach a thabhairt don tsochaí shibhialta.

Ag aithint di cineál idirnasctha an táirgthe, na gáinneála agus an tomhaltais drugaí, agus ag aithint di go dtéann na dúshláin a bhaineann le staid na ndrugaí thar theorainneacha náisiúnta, cuireann an Straitéis **freagairtí comhordaithe idirnáisiúnta** chun cinn i gcomhar le comhpháirtithe domhanda. Is é cuspóir na straitéise beartas drugaí a mhúnlú ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal **náisiúnta** agus bonn eolais a chur faoi rannpháirtíocht an Aontais **go hidirnáisiúnta**.

Tá sé bunaithe ar **chúig cholún** arb é is aidhm dóibh:




1) **ullmhacht an Aontais agus ullmhacht náisiúnta a fheabhsú** chun bagairtí sláinte agus slándála a bhaineann le drugaí **a réamh-mheas agus freagairt dóibh**;
2) **an tsláinte phoiblí a chosaint** trí chuir chuige agus cóireáil atá fianaisebhunaithe agus coisctheach;
3) **an tslándáil a fheabhsú agus an tsochaí a chosaint** trí aghaidh a thabhairt ar tháirgeadh agus ar gháinneáil ar dhrugaí agus trí insíothlú coiriúil a chomhrac;
4) **aghaidh a thabhairt ar dhochar a bhaineann le drugaí** chun daoine aonair agus an tsochaí a chosaint le bearta lena dtugtar aghaidh ar shláinte an duine aonair chomh maith le damáistí sóisialta agus comhshaoil; agus
5) **comhpháirtíochtaí láidre a thógáil** chun aghaidh a thabhairt ar staid na ndrugaí, go háirithe le tríú tíortha agus réigiúin.

Tá an straitéis fr**éamhaithe i luachanna an Aontais**[7] **agus sna cearta bunúsacha a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh**[8]. Tá sé bunaithe ar an dlí

[7] Go háirithe iad siúd a leagtar síos in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.
[8] Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, IO C 326, 26.10.2012, lch. 391.

idirnáisiúnta, go háirithe coinbhinsiúin idirnáisiúnta maidir le rialú drugaí, Cairt na Náisiún Aontaithe, agus cuirtear chun feidhme é i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine. Tá sé ag teacht le gealltanais dhomhanda amhail doiciméad toraidh an tSeisiúin Speisialta de Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe 2016[9], Dearbhú Aireachta 2019[10], an Dearbhú ardleibhéil maidir le hathbhreithniú meántéarma 2024[11] agus Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe[12].

Cuireann an straitéis leis an meastóireacht ar Straitéis agus Plean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh maidir le Drugaí 2021-2025[13], inar leagadh béim ar a luach agus béim á leagan an tráth céanna ar an ngá atá le cur chuige atá dírithe ar thorthaí. Braitheann sé ar fhaireachán ar staid na ndrugaí ag gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais, go háirithe Gníomhaireacht Drugaí an Aontais Eorpaigh (EUDA), a aithnítear go forleathan mar mhol barr feabhais eolaíoch maidir leis na saincheisteanna a bhaineann le drugaí agus ar cuireadh ról lárnach nua de chúram air maidir le hullmhacht an Aontais a fheabhsú trína shainordú neartaithe[14], agus Europol a sholáthraíonn anailísí láidre faisnéisbhunaithe chun tacú le hiarrachtaí forfheidhmithe dlí. Ionchorpraítear ann rannchuidithe nach beag ó idirphlé leanúnach leis na Ballstáit agus ó cheardlanna tiomnaithe i gcomhlacht ullmhúcháin na Comhairle atá i gceannas ar an mbeartas drugaí, chomh maith le hionchur luachmhar ó ghrúpaí na sochaí sibhialta amhail Fóram na Sochaí Sibhialta maidir le Drugaí. Tá an straitéis ar cheann de phríomhspriocanna na Straitéise Eorpaí um an tSlándáil Inmheánach[15] agus tá sí ag teacht leis an Straitéis um Aontas na hUllmhachta[16], leis an Aontas

[9] Doiciméad toraidh ó Sheisiún Speisialta de Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe 2016 maidir le fadhb dhomhanda na ndrugaí 'Ár dtiomantas comhpháirteach chun aghaidh a thabhairt ar fhadhb dhomhanda na ndrugaí agus chun í a chomhrac go héifeachtach'.

[10] Dearbhú aireachta 2019 maidir lenár ngníomhaíochtaí a neartú ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus idirnáisiúnta chun dlús a chur le cur chun feidhme ár ngealltanas comhpháirteach chun aghaidh a thabhairt ar fhadhb dhomhanda na ndrugaí agus chun í a chomhrac.

[11] Dearbhú ardleibhéil ón gCoimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha maidir le hathbhreithniú meántéarma 2024, tar éis Dhearbhú Aireachta 2019.

[12] Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, An domhan a chlaochlú: Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe, A/RES/70/1, 21 Deireadh Fómhair 2015.

[13] Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin – Achoimre Feidhmiúcháin ar an Meastóireacht ar Straitéis Drugaí an Aontais Eorpaigh 2021-2025 agus ar Phlean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh maidir le Drugaí 2021-2025, SWD (2025) 188 final; Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin – Meastóireacht ar Straitéis Drugaí an Aontais Eorpaigh 2021-2025 agus ar Phlean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh maidir le Drugaí 2021-2025, SWD (2025) 187 final.

[14] https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/fi/ip_23_1936

[15] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le *ProtectEU*: *straitéis Eorpach um an tSlándáil Inmheánach*, COM/2025/148 final.

[16] Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir leis an *Straitéis Eorpach um Aontas na hUllmhachta*, JOIN/2025/130 final.

Sláinte Eorpach[17], lena n-áirítear creat treisithe slándála sláinte an Aontais[18], agus leis an togra ón gCoimisiún maidir le rialacha nua i ndáil le réamhtheachtaithe drugaí[19].

Agus torthaí na meastóireachta á dtabhairt dá aire aige, torthaí lenar cuireadh i dtábhacht an gá atá le **freagairt oibríochtúil** a mholadh ar staid na ndrugaí, tá an straitéis á comhlánú ag an gCoimisiún le **plean gníomhaíochta tiomnaithe de chuid an Aontais i gcoinne na gáinneála ar dhrugaí**, chun cur isteach ar líonraí coiriúla eagraithe atá taobh thiar den gháinneáil ar dhrugaí, trí bheith ag díriú ar a mbealaí agus ar a modhanna coiriúla. Ag tógáil ar na tosaíochtaí a sainaithníodh sa straitéis, leagtar amach sa phlean gníomhaíochta gníomhaíochtaí coincréiteacha práinneacha atá le déanamh ar leibhéal an Aontais idir 2026 agus 2030. Cuimsítear sa phlean gníomhaíochta sin 19 ngníomhaíocht oibríochtúla lena mbainfear amach go príomha an gealltanas straitéiseach chun slándáil an Aontais a neartú, ach freisin chun ullmhacht a fheabhsú, aghaidh a thabhairt ar an dochar a atá ann mar gheall ar an aos óg a earcú, agus comhpháirtíochtaí láidre a thógáil chun aghaidh a thabhairt ar gháinneáil ar dhrugaí.

## I. ULLMHACHT AGUS FREAGAIRT A FHEABHSÚ

Tá dinimic an tsoláthair drugaí aindleathacha agus an éilimh orthu ag athrú go tapa, arb iad na líonraí coiriúla domhanda a bhfuil tionchar acu agus a forbairtí geopholaitiúla agus teicneolaíocha[20] is cúis leo. Tá substaintí sícighníomhacha nua, a d'fhéadfadh a bheith níos tocsainí agus níos andúilí ag teacht chun cinn go tapa, rud a mhéadaíonn an baol nimhithe agus básanna a bhaineann le drugaí. Tá sé ríthábhachtach ullmhacht na hEorpa a fheabhsú maidir le gnéithe sláinte, sóisialta agus slándála a bhaineann le drugaí.

**Tosaíocht straitéiseach 1 – Ullmhacht an Aontais a neartú chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí a bhaineann le drugaí**

*Ní mór don Aontas dlús a chur leis an bhfaireachán ar staid drugaí an Aontais, agus a chórais agus a líonraí bailithe, anailíse agus scaipthe sonraí a thabhairt cothrom le dáta chun dúshláin nua drugaí a réamh-mheas agus freagairt dóibh ar bhealach níos fearr, lena n-áirítear trí bhearta ullmhachta agus freagairtí fianaisebhunaithe eile.*

### *1.1. Feasacht riosca agus cur chuige réamhbhreathnaitheach an Aontais a mhéadú*

Chun feasacht staide an Aontais a neartú, ní mór feabhas a chur ar a chumas anailís agus comhroinnt thapa a dhéanamh ar shonraí maidir le treochtaí atá ag teacht chun cinn. Cuireann EUDA uirlisí riachtanacha ar fáil amhail líonra Eorpach na saotharlann fóiréinseach agus

[17] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, *An tAontas Sláinte Eorpach: ag gníomhú le chéile ar mhaithe le sláinte daoine*, COM (2024) 206 final.

[18] Rialachán (AE) 2022/2371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Samhain 2022 maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1082/2013/AE (Téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 314, 6.12.2022, lgh. 26–63.

[19] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le faireachán agus rialú a dhéanamh ar réamhtheachtaithe drugaí agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 273/2004 agus (CE) Uimh. 111/2005, COM(2025) 747 final.

[20] Europol (2025), *Measúnú ón Aontas Eorpach ar Bhagairt na Coireachta Tromchúisí Eagraithe - ADN athraitheach na coireachta tromchúisí agus eagraithe.*

tocsaineolaíoch, nach mór a chur i bhfeidhm go héifeachtach chun ullmhacht an Aontais a fheabhsú.

Ba cheart do ghníomhaireachtaí de chuid an Aontais, go háirithe EUDA agus Europol, **feabhas a chur ar thráthúlacht an fhaireacháin ar staid na ndrugaí ar leibhéal an Aontais** i ndlúthchomhar leis na Ballstáit. Cuideoidh EUDA leis na Ballstáit feabhas a chur ar bhailiú aontaithe sonraí, trí úsáid a bhaint as foinsí amhail uirlisí faisnéise geospásúla oifig staidrimh an Aontais Eorpaigh (Eurostat) agus sonraí ón Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC). Bainfidh sé úsáid as cuir chuige nuálacha chun luathchomharthaí a shainaithint a léiríonn athruithe ar staid na ndrugaí, ag tógáil ar na hanailísí atá déanta acu cheana ar shonraí ó éigeandálaí ospidéil, ó iarmhair steallaire nó ó fhuíolluisce bardasach.

I bhfianaise theacht chun cinn tapa leanúnach substaintí nua, tá sé ríthábhachtach **faisnéis a chomhroinnt go tapa ar fud an Aontais**. Chuige sin, déanfaidh EUDA uasghrádú ar Chóras Luathrabhaidh an Aontais chun substaintí sícighníomhacha nua a shainaithint go tapa, chun faireachán a dhéanamh ar a gcomhdhéanamh agus ar a neart, chun measúnú a dhéanamh ar an dochar a dhéanann siad agus chun an fhaisnéis sin a sholáthar go córasach do na Ballstáit. Tacóidh an líonra Eorpach de shaotharlanna fóiréinseacha agus tocsaineolaíocha leis an malartú faisnéise sin agus soláthróidh sé saineolas de chuid an Aontais. Thairis sin, i gcásanna áirithe ina bhfuil bagairt thromchúiseach trasteorann ar an tsláinte, ní mór d'údaráis na mBallstát nó don Choimisiún fógra a thabhairt faoi fholáireamh sa Chóras Luathrabhaidh agus Freagartha[21] chun freagairt níos éifeachtaí a ráthú.

Ar deireadh, ba cheart don Aontas agus do na Ballstáit a **gcumais fadbhreathnaitheachta** a neartú trí chórais sonraí nua agus córais sonraí atá ann cheana a ghiaráil. Cuideoidh sé sin le forbairtí meántéarmacha agus fadtéarmacha i dtreochtaí drugaí a réamh-mheas, amhail tionchar an digitithe, rioscaí do dhaoine óga, agus an méadú ar dhrugaí sintéiseacha. Cuirfidh EUDA borradh faoina scanadh ionchais agus faoina ghníomhaíochtaí fadbhreathnaitheachta chun easnaimh i margaí drugaí a shainaithint, lena n-áirítear éifeacht an digitithe, an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag drugaí sintéiseacha nua, agus dúshláin a eascraíonn as athruithe beartais.

### *1.2. Acmhainneacht freagartha an Aontais a fheabhsú*

Ní mór don Aontas a bheith níos ullmhaithe chun freagairt do bhagairtí a bhaineann le drugaí atá ag teacht chun cinn. Chuige sin, **forbróidh** EUDA, agus é ag obair le saineolaithe náisiúnta, **measúnuithe ar bhagairtí maidir le bagairtí nua sláinte agus slándála a bhaineann le drugaí**. Áireofar sna measúnuithe roghanna freagartha soiléire chun cuidiú leis na bagairtí a mhaolú ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais araon[22]. Ní mór teacht chun cinn drugaí sintéiseacha láidre nua a chumhdach le hullmhacht an Aontais. Dá bhrí sin, cuirfidh EUDA tús le measúnú ar bhagairtí atá tiomnaithe do shubstaintí ópóideacha sintéiseacha an-láidir san Eoraip.

[21]Rialachán (AE) 2022/2371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Samhain 2022 maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1082/2013/AE, IO L 314, 6.12.2022, lch. 26.

[22] I sineirgíocht leis an measúnú ar phleanáil coisc, ullmhachta agus freagartha faoi Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2022/2371 maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte.

Thairis sin, agus iarrachtaí an Aontais á gcomhlánú acu mar chuid de phlean coisc, ullmhachta agus freagartha an Aontais maidir le géarchéimeanna sláinte[23], ba cheart do na Ballstáit **bearta náisiúnta ullmhachta agus freagartha** a fhorbairt. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú gur féidir lena gcórais bagairtí a réamh-mheas, a chosc agus a mhaolú, lena n-áirítear trí fhrithbhearta leighis agus soláthairtí laghdaithe dochair a imscaradh go tapa.

Eiseoidh EUDA foláirimh mheara spriocdhírithe sláinte agus slándála freisin maidir le rioscaí tromchúiseacha a bhaineann le drugaí, amhail drugaí sintéiseacha an-láidir, tríd an **gcóras Eorpach foláirimh drugaí**[24]. Rannchuideoidh an córas foláirimh sin le cumarsáid riosca atá éifeachtúil agus tráthúil, rud a nascfaidh le córais náisiúnta foláirimh agus a rachaidh i dteagmháil go díreach le cleachtóirí sláinte agus le hoifigigh forfheidhmithe dlí.

### *1.3. Iarrachtaí taighde a thabhairt le chéile*

Ba cheart iarrachtaí ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta a dhíriú ar fheabhas a chur ar an tuiscint ar bhearnaí taighde a bhaineann le hiompraíocht drugaí, roghanna cóireála, úsáid ilsubstaintí, neamhoird mheabhairshláinte, agus tionchar sochaíoch na gáinneála ar dhrugaí. Trí idirphlé taighde[25], tá sé d'aidhm ag an Aontas **comhroinnt eolais a éascú agus tosaíochtaí taighde a bhunú**. Cruthóidh EUDA bunachar sonraí taighde a bhaineann le drugaí agus pobal eolais, ina dtabharfar le chéile lucht ceaptha beartas, eolaithe, an tsochaí shibhialta agus saineolaithe allamuigh chun bearnaí criticiúla eolais a dhúnadh. Chun nuálaíocht sa tionscal slándála a chothú a rachaidh chun tairbhe go díreach d'fhorfheidhmiú an dlí, leagfaidh an Coimisiún Eorpach amach riachtanais phráinneacha theicneolaíocha agus oibríochtúla fhorfheidhmiú an dlí chun an choireacht eagraithe a chomhrac, lena n-áirítear gáinneáil ar dhrugaí.

Tá an nuálaíocht ríthábhachtach i gcónaí chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí sláinte agus slándála atá ag teacht chun cinn ó dhrugaí, amhail substaintí sícighníomhacha nua agus cineálacha nua úsáide, lena n-áirítear vápáil. Agus teicneolaíochtaí nua agus an intleacht shaorga á ngiaráil acu, ba cheart don Aontas agus do na Ballstáit cistiú leordhóthanach a áirithiú don nuálaíocht, feabhas a chur ar theicneolaíochtaí braite lena gcomhtháthaítear an intleacht shaorga chun réamhtheachtaithe ag teorainneacha an Aontais a shainaithint go tapa agus chun cabhrú le forfheidhmiú an dlí táirgeadh drugaí a dhíchóimeáil. Déanfaidh an Coimisiún, le tacaíocht ó Europol agus ó EUDA, comhordú ar scaipeadh cleachtas nuálach ar ghníomhaithe in earnáil na ndrugaí. Ní mór cur le huirlisí nuálacha chun **limistéir táirgthe tuaithe, conairí gáinneála agus criosanna riosca comhshaoil a mhapáil** chun feabhas a chur ar an léargas faisnéise. Ba cheart oiliúint a chur ar fáil chun feabhas a chur ar scileanna teicniúla lucht forfheidhmithe dlí, arna comhlánú le taighde leanúnach chun an léargas faisnéise a bheachtú, lena n-áiritheofar tuiscint chuimsitheach agus freagairt éifeachtach ar dhúshláin a bhaineann le drugaí.

---

[23] Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin lena dtugtar isteach plean coisc, ullmhachta agus freagartha an Aontais le haghaidh géarchéim sláinte, SWD (2025) 393 final.

[24] Rialachán (AE) 2023/1322 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2023 maidir le Gníomhaireacht Drugaí an Aontais Eorpaigh (EUDA) agus lena n- aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1920/2006, IO L 166, 30.6.2023, lch. 6, Airteagal 13.

[25] Malartú bliantúil maidir le taighde a bhaineann le drugaí laistigh de chreat na Meithle Cothrománaí um Dhrugaí chun naisc taighde beartais agus comhoibriú a neartú ar leibhéal an Aontais a bunaíodh tar éis na gconclúidí ón gComhairle i mí na Nollag 2009 maidir le cumas taighde an Aontais i leith drugaí aindleathacha a neartú, 17177/09.

Trí chláir chistiúcháin taighde agus nuálaíochta an Aontais, cuirfidh an Coimisiún borradh faoin taighde chun neamhoird úsáide drugaí agus patrúin iompraíochta a thuiscint, agus an tráth céanna cuirfidh sé teiripí nuálacha chun cinn le haghaidh úsáid spreagthach agus chun leas a bhaint as substaintí ópóideacha agus as substaintí sícighníomhacha go sábháilte chun críoch leighis. Tá sé ríthábhachtach uirlisí digiteacha agus feidhmchláir cúraim sláinte a chur chun cinn chun córais cúraim sláinte agus shóisialta a bharrfheabhsú.

Sa chomhthéacs sin, éascóidh an Spás Eorpach Sonraí Sláinte rochtain shlán ar ríomhshonraí sláinte ar fud na mBallstát, rud a thacóidh le taighde, nuálaíocht agus ceapadh beartas poiblí maidir le treochtaí sláinte a bhaineann le drugaí, torthaí cóireála, agus tionchar substaintí sícighníomhacha nua[26].

**Príomhthosaíochtaí**

**Ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit, le tacaíocht ó ghníomhaireachtaí ábhartha an Aontais, an méid seo a leanas a dhéanamh:**

- **comhroinnt eolais agus sainaithint tosaíochtaí taighde a éascú trí idirphlé taighde;**
- **tacaíocht oibríochtúil agus scaipeadh cleachtas agus réiteach nuálach ar ghníomhaithe ábhartha san earnáil drugaí a chomhordú.**

**I gcomhréir lena shainordú leathnaithe, déanfaidh EUDA an méid seo a leanas:**

- **córas luathrabhaidh an Aontais a uasghrádú chun substaintí sícighníomhacha nua a shainaithint go tapa agus go córasach agus an fhaisnéis sin a scaipeadh ar na Ballstáit;**
- **córas foláirimh Eorpach um dhrugaí a chur chun feidhme chun mearfholáirimh spriocdhírithe sláinte agus slándála a eisiúint maidir le rioscaí tromchúiseacha a bhaineann le drugaí;**
- **measúnuithe ar bhagairtí a fhorbairt maidir le bagairtí nua sláinte agus slándála a bhaineann le drugaí agus measúnú sonrach a dhéanamh ar bhagairtí maidir le substaintí ópóideacha sintéiseacha an-láidir san Eoraip;**
- **feabhas a chur ar an bhfaireachán tráthúil ar staid na ndrugaí trí bhailiú sonraí ar fud an Aontais a mhéadú, go háirithe ag tógáil ar thuairisciú tapa ó Phointí Fócais Náisiúnta Reitox[27].**

**Moltar do na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:**

- **bearta náisiúnta ullmhachta agus freagartha a fhorbairt le gníomhaíochtaí chun bagairtí nua agus bagairtí atá ag teacht chun cinn a bhaineann le drugaí a réamh-mheas agus a mhaolú.**

## II. AN TSLÁINTE PHOIBLÍ A CHOSAINT

[26] Rialachán (AE) 2025/327 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Feabhra 2025 maidir leis an Spás Eorpach Sonraí Sláinte agus lena leasaítear Treoir 2011/24/AE agus Rialachán (AE) 2024/2847, IO L, 2025/327, 5.3.2025.

[27] An Líonra Faisnéise Eorpach maidir le Drugaí agus Andúil i nDrugaí (‘líonra Reitox’).

Tá tionchar mór ag an méadú atá ag teacht ar infhaighteacht agus ar úsáid drugaí aindleathacha éagsúla agus láidre ar an tsláinte phoiblí. **Dá bhrí sin, tá an laghdú ar éileamh fós ar thús cadhnaíochta i bhfreagairt an Aontais ar úsáid aindleathach drugaí.** I gcomhar le hiarrachtaí laghdaithe dochair, ba cheart raon cuimsitheach beart oibriú le chéile chun trí phríomhsprioc a bhaint amach: úsáid drugaí a laghdú, cóireáil inrochtana a chur ar fáil do chách, agus tacú le téarnamh agus athimeascadh sa tsochaí daoine a bhfuil neamhoird úsáide drugaí orthu.

**Tosaíocht straitéiseach 2: Cosc fianaisebhunaithe agus feasacht ar rioscaí a chur chun feidhme**

*Ba cheart don Aontas páirt ghníomhach a ghlacadh chun úsáid drugaí a chosc agus a laghdú trí ghníomhaíochtaí láidre coisctheacha agus múscailte feasachta a chur chun feidhme agus a leathnú ar fud na mBallstát, agus idirghabhálacha sláinte fianaisebhunaithe éifeachtacha á méadú an tráth céanna.*

### *2.1. Gníomhaíochtaí coisctheacha éifeachtacha a neartú*

Ba cheart cosc fianaisebhunaithe a bheith lárnach i gcur chuige an Aontais maidir leis an tsláinte phoiblí chun na rioscaí a bhaineann le spleáchas ar dhrugaí agus dochar a bhaineann le drugaí a laghdú. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit **dlús a chur le gníomhaíochtaí coisctheacha uilíocha**. Le cláir um chosc luath, ba cheart athléimneacht a chothú, litearthacht sláinte a mhéadú agus scileanna saoil agus stíleanna maireachtála sláintiúla a chur chun cinn. Ba cheart **gníomhaíochtaí coiscthe comhshaoil** a chur chun feidhme chun nochtadh daoine aonair d'úsáid substaintí agus do spleáchas ar shubstaintí a laghdú[28]. Chun athléimneacht na saoránach a neartú go mór, ní mór gníomhaíochtaí coiscthe drugaí a chomhtháthú le hidirghabhálacha lena dtugtar aghaidh ar thosca sláinte criticiúla eile, amhail úsáid tobac agus tomhaltas dochrach alcóil, mar aon le tionscnaimh chuimsitheacha chun an tsláinte a chur chun cinn.

Cuirfidh an Coimisiún dlús lena chuid oibre ar an tsláinte choisctheach trí thionscnaimh maidir le galair chardashoithíocha agus meabhairshláinte faoin gcreat 'Healthier Together' - creat an Aontais maidir le galair neamhtheagmhálacha[29]. Cuidíonn an cur chuige sin le húsáid drugaí a laghdú agus athléimneacht meabhairshláinte a neartú i gcoinne neamhoird úsáide substaintí. Tacaíonn an Coimisiún leis na Ballstáit le cur chuige cuimsitheach i leith na meabhairshláinte trí Theachtaireacht thiomnaithe[30], ina ndírítear ar ghrúpaí leochaileacha agus ar neamhionannais sláinte. I measc na bpríomhthionscnamh tá fothú acmhainneachta do na Ballstáit i gcomhar leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS)[31], agus bunú EU PROMENS[32], clár oiliúna agus malartaithe maidir leis an meabhairshláinte ina ndírítear ar thacaíocht a thabhairt do ghrúpaí leochaileacha.

---

[28] Is bearta rialála, eacnamaíocha agus fisiciúla iad idirghabhálacha comhshaoil atá ceaptha chun athrú a dhéanamh ar an gcomhthéacs cultúrtha, sóisialta, fisiceach agus eacnamaíoch ina ndéanann daoine cinntí (maidir le húsáid drugaí) agus ina dtacaíonn siad le roghanna níos sláintiúla.
[29] Healthier together – Tionscnamh an Aontais maidir le galair neamhtheagmhálacha – Sláinte Phoiblí.
[30] Meabhairshláinte – Sláinte Phoiblí – An Coimisiún Eorpach
[31] who.int/europe/activities/partnering-with-the-european-union-(eu)-to-tackle-mental-health-challenges
[32] Leathanach Tionscadail EU-PROMENS - EU-PROMENS

An tráth céanna, ní mór dúinn feabhas a chur ar dhearcadh na saoránach ar na rioscaí don tsláinte agus don tslándáil a bhaineann le húsáid drugaí agus le táirgeadh drugaí agus gáinneáil orthu. Is cúis mhór imní é an méadú atá ag teacht ar úsáid spreagthach amhail cócaon, rud a chruthaíonn ní hamháin dúshláin mhóra don tsláinte phoiblí, lena n-áirítear rioscaí fadtéarmacha sláinte[33], ach a spreagann ábhair imní slándála freisin a bhaineann le foréigean agus coireacht atá nasctha le margadh an chócaoin[34]. Dá bhrí sin, ba cheart don Aontas cumarsáid feasachta fhianaisebhunaithe a chur chun cinn. Chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin ar bhealach níos éifeachtaí, cuideoidh EUDA leis na Ballstáit **gníomhaíochtaí éifeachtacha múscailte feasachta a fhorbairt** a bheidh dírithe ar réimsí tosaíochta, lena n-áirítear úsáid cócaoin agus drugaí sintéiseacha nua láidre.

Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit díriú ar **bhearta coisctheacha spriocdhírithe** a chruthú agus a chur chun cinn arna gceapadh go sonrach do ghrúpaí atá an-leochaileach maidir le nochtadh do dhrugaí aindleathacha. Áirítear orthu sin daoine óga atá i mbaol drugaí nó a bhfuil triail á baint acu astu cheana féin agus daoine a bhfuil neamhoird mheabhairshláinte ghéara agus ainsealacha orthu. Ba cheart gníomhaíochtaí coisctheacha spriocdhírithe a bheith fréamhaithe san eolaíocht agus curtha in oiriúint do chomhthéacsanna sonracha socheacnamaíocha agus cultúrtha agus ba cheart iad a chur chun feidhme i suíomhanna éagsúla amhail scoileanna, spóirt, saol oíche, an t-idirlíon agus ardáin na meán sóisialta, chomh maith le príosúin.

### *2.2. Fianaise a scaipeadh le haghaidh gníomhaíochtaí coisctheacha éifeachtacha*

Ba cheart don Aontas cur chun feidhme **clár fianaisebhunaithe feasachta agus coiscthe** a chur chun cinn, faireachán a dhéanamh ar idirghabhálacha nua, athbhreithniú a dhéanamh ar a n-éifeachtacht, agus dea-chleachtais a scaipeadh.

Ba cheart cur chun feidhme na **gcaighdeán cáilíochta** maidir le cosc atá ann cheana a neartú ar fud na mBallstát. Leis na hÍoschaighdeáin Cháilíochta maidir le laghdú ar éileamh, na Caighdeáin Cháilíochta Eorpacha um Chosc Drugaí, Oifig na Náisiún Aontaithe um Dhrugaí agus Coireachta (UNODC)/Caighdeáin Idirnáisiúnta EDS maidir le hÚsáid Drugaí a Chosc agus an Curaclam Eorpach um Chosc, tugtar treoir phraiticiúil maidir le cosc éifeachtach. Ba cheart iarrachtaí náisiúnta a neartú chun cáilíocht na ngníomhaíochtaí coisc, cóireála agus cúraim a fheabhsú trí mhodúil oiliúna a fhorbairt do chleachtóirí, do ghairmithe sláinte, d’oibrithe sóisialta, d’fhorfheidhmiú an dlí agus do chinnteoirí.

## <u>Tosaíocht straitéiseach 3: Cóireáil, téarnamh agus athimeascadh a fheabhsú</u>

*Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh rochtain ag daoine a úsáideann drugaí ar chúram sláinte agus sóisialta trí chóireáil inacmhainne a chur ar fáil atá ailínithe le gníomhaíochtaí athimeasctha agus cuimsithe shóisialta.*

### *3.1. Rochtain ar roghanna cóireála deonacha, comhtháite agus oiriúnaithe a éascú*

Ba cheart **rochtain** éasca thráthúil a bheith ag daoine a úsáideann drugaí **ar chóireáil inacmhainne, ardcháilíochta agus oiriúnaithe**, i gcomhréir leis an gceart chun cúraim a leagtar

[33] EUDA (2025), *an Tuarascáil Eorpach um Dhrugaí 2025. Treochtaí agus Forbairtí.*
[34] EUDA agus Europol (2024). Anailís ar Mhargaí Drugaí an Aontais: Príomhléargais ar bheartas agus ar chleachtas.

síos i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta[35]. Agus drugaí aindleathacha éagsúla i gcúrsaíocht, bíonn tionchar diúltach ar an tsláinte ag infhaighteacht neamhleor agus ag glacadh neamhleor cóireála.

Mar thoradh air sin, ba cheart do chórais cúraim sláinte náisiúnta agus réigiúnacha a ndícheall a dhéanamh feabhas a chur ar a gcumas seirbhísí éifeachtacha cóireála agus téarnaimh atá dírithe ar dhaoine a sholáthar le haghaidh neamhoird úsáide drugaí ar fud na hEorpa, lena n-áirítear i réigiúin bheagfhorbartha, i gceantair thuaithe agus iargúlta agus sna réigiúin is forimeallaí san Aontas. Ag aithint dóibh go bhfuil riachtanais éagsúla ag daoine aonair, moltar do na Ballstáit **raon leathan roghanna cóireála fianaisebhunaithe** a sholáthar, laistigh de leanúntas cúraim. Áirítear leis sin seirbhísí comhtháite do dhaoine aonair a bhfuil úsáid ilsubstaintí rompu agus dóibh siúd a bhfuil saincheisteanna drugaí agus meabhairshláinte comhthráthacha acu[36]. Tá gá le roghanna cóireála breise chun aghaidh a thabhairt ar úsáid spreagthach, amhail cócaon. Le seirbhísí comhtháite cóireála drugaí, ba cheart seirbhísí sláinte, sóisialta agus, i gcás inarb iomchuí, seirbhísí forfheidhmithe dlí a chomhcheangal chun idirnascthacht na sláinte, na folláine sóisialta agus na sábháilteachta a léiriú.

Thairis sin, ba cheart do na Ballstáit dlús a chur leis an gcosc, leis an gcóireáil agus leis an gcúram a bhaineann le drugaí i bpríosúin chun aghaidh a thabhairt ar leitheadúlacht níos airde úsáide drugaí i suíomhanna príosúin i gcomparáid leis an bpobal i gcoitinne. Ní mór leanúint den chóireáil, den athshlánú agus den téarnamh, le linn na príosúnachta agus tráth an scaoilte saor araon.

Ba cheart rochtain ar chóireáil san Eoraip a bheith **deonach** agus ar ardchaighdeán. Ba cheart do na Ballstáit **feabhas a chur ar cháilíocht na cóireála a chuirtear ar fáil** chun teacht leis an bhfianaise eolaíoch is déanaí agus le riachtanais shochaíocha atá ag athrú. Moltar do na Ballstáit, dá bhrí sin, na híoschaighdeáin cháilíochta maidir le laghdú ar an éileamh ar dhrugaí a ghlac an Chomhairle in 2015[37] a thabhairt cothrom le dáta agus a chur chun feidhme agus dul i dteagmháil le heagraíochtaí na sochaí sibhialta agus le piarghrúpaí. Tacóidh EUDA leis na hiarrachtaí sin, déanfaidh sé measúnú ar cháilíocht na n-idirghabhálacha ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil (Cáilíocht an Aontais Eorpaigh) agus forbróidh sé **treoir chuimsitheach uile-Aontais maidir le caighdeáin cháilíochta**.

### *3.2. Athimeascadh agus cuimsiú sóisialta a chur chun cinn*

Ba cheart seirbhísí cóireála drugaí a chomhlánú le gníomhaíochtaí lena spreagtar téarnamh agus athimeascadh sóisialta, agus cur chuige uile-shochaí á chur chun cinn. Chun cosc a chur ar dhaoine aonair sleamhnú trí na bearnaí, tá sé ríthábhachtach comhar gníomhach a spreagadh i measc seirbhísí sláinte, sóisialta, fostaíochta, óige agus laghdaithe dochair.

D'fhéadfadh úsáid drugaí a bheith ina iarmhairt agus ina cúis araon leis an eisiamh sóisialta. Ní mór do na Ballstáit feabhas a chur ar **athimeascadh daoine** a bhfuil neamhoird úsáide drugaí orthu sa phobal agus i margadh an tsaothair. Cuidíonn sé sin le húsáid drugaí agus an baol go

[35] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gComhairle Eorpach, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste Eorpach na Réigiún, lena mbunaítear Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, COM/2017/0250 final.
[36] Conclúidí ón gComhairle i mí na Nollag 2023 maidir le daoine a bhfuil neamhoird úsáide drugaí orthu in éineacht le neamhoird mheabhairshláinte eile, 16112/23.
[37] Conclúidí ón gComhairle i mí Mheán Fómhair 2018 maidir le cur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Drugaí 2013-2016 i ndáil le híoschaighdeáin cháilíochta chun an t-éileamh ar dhrugaí a laghdú san Aontas Eorpach, 11985/15.

n-athiompófar iad tar éis cóireála a laghdú. Chun rannchuidiú leis na hiarrachtaí sin, cuirfidh an Coimisiún lánpháirtiú socheacnamaíoch daoine atá i staideanna leochaileacha chun cinn, lena n-áirítear daoine a úsáideann drugaí, trí ionstraimí caiteachais an Aontais atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, amhail Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) agus Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) nó na pleananna comhpháirtíochta náisiúnta agus réigiúnaí atá beartaithe tar éis 2028.

Is féidir le bearta sóisialta fíordhifríocht a dhéanamh freisin do dhaoine a úsáideann drugaí, go háirithe dóibh siúd atá i mbaol bochtaineachta, eisiaimh shóisialta nó easpa dídine freisin. Moltar do na Ballstáit **bearta tacaíochta sóisialta a chur chun feidhme atá dírithe ar dhaoine a úsáideann drugaí**, lena n-áirítear trí thionscadail phobail agus phiarthreoraithe atá nasctha le téarnamh, tithíocht, cúnamh meabhairshláinte, agus deiseanna fostaíochta. Neartóidh an Coimisiún bearta chun aghaidh a thabhairt ar ghnéithe iomadúla agus ar chúiseanna struchtúracha an eisiaimh agus neartóidh sé rochtain ar sheirbhísí sóisialta agus tacaíochta, i gcomhthéacs Straitéis AE i gcoinne na Bochtaineachta atá ar na bacáin freisin. Thairis sin, mar chuid den **Ardán Eorpach chun an Easpa Dídine a Chomhrac**, bunóidh an Coimisiún riachtanais grúpaí leochaileacha, lena n-áirítear daoine a úsáideann drugaí, agus déanfaidh sé an easpa dídine a chomhrac i ngach beartas.

Tá sé ríthábhachtach beartais slándála agus shóisialta a chomhtháthú. Is féidir le roghanna malartacha ar choinneáil réamhthrialach[38] agus ar smachtbhannaí comhéigneacha[39] cabhrú le hathimeascadh socheacnamaíoch daoine aonair a bhfuil cionta a bhaineann le drugaí acu, cuidiú le cabhair chun atitimeachas a laghdú, stiogma a laghdú, agus costais bhreithiúnacha a d'fhéadfadh a bheith níos ísle agus torthaí slándála á bhfeabhsú an tráth céanna. Ba cheart do na Ballstáit **infhaighteacht na roghanna malartacha sin a neartú agus a leathnú** chun córais choiriúla, shóisialta agus sláinte a nascadh ar bhealach níos fearr, go háirithe do dhaoine óga.

Chun fianaise eolaíoch agus dea-chleachtais a scaipeadh ar réimse níos leithne gairmithe, cuirfidh EUDA ardán foghlama nua i bhfeidhm – PLATO 2.0 – faoina gcuirfear deiseanna ríomhfhoghlama leathnaithe agus saincheaptha ar fáil maidir le hathimeascadh sa tsochaí.

**Príomhthosaíochtaí**

**Déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:**

- **dlús a chur leis na hiarrachtaí maidir le sláinte choisctheach, an tionscnamh 'Healthier Together' a chur i bhfeidhm - tionscnamh an Aontais maidir le galair neamhtheagmhálacha;**
- **a thionscadail shuaitheanta a thabhairt chun cinn faoin Teachtaireacht maidir le cur chuige cuimsitheach i leith na meabhairshláinte.**

**Déanfaidh EUDA an méid seo a leanas:**

[38] Moladh (AE) 2023/681 ón gCoimisiún an 8 Nollaig 2022 maidir le cearta nós imeachta daoine atá faoi dhrochamhras agus daoine cúisithe atá faoi réir coinneáil réamhthrialach agus maidir le coinníollacha coinneála ábhartha, IO L 86, 24.3.2023, lch. 44.

[39] Déantar malairtí ar bhearta comhéigneacha a shainmhíniú mar bhearta a bhfuil gné athshlánúcháin éigin ag baint leo nó ar neamh-idirghabháil iad (mar shampla, cinneadh a dhéanamh gan cúiseamh ná ionchúiseamh a dhéanamh), agus bearta a úsáidtear in ionad príosúnachta nó pionóis eile (pianbhreith ar fionraí le cóireáil drugaí, mar shampla).

- **tacú leis na Ballstáit gníomhaíochtaí éifeachtacha múscailte feasachta a cheapadh maidir leis an tionchar a bhíonn ag úsáid drugaí agus ag gáinneáil ar dhrugaí;**
- **treoir chuimsitheach uile-Aontais maidir le híoschaighdeáin cháilíochta a fhorbairt agus a chur chun cinn agus comhairle a chur ar na Ballstáit maidir le cosc agus cóireáil éifeachtach a chur chun feidhme.**

**Moltar do na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:**

- **dlús a chur le cosc sláinte uilíoch agus comhshaoil agus gníomhaíochtaí coisctheacha fianaisebhunaithe a fhorbairt agus a chur chun feidhme atá deartha go sonrach do ghrúpaí i staideanna leochaileacha agus do dhaoine óga;**
- **infhaighteacht roghanna cóireála fianaisebhunaithe atá comhtháite i leanúntas cúraim a neartú agus aghaidh a thabhairt ar úsáid spreagthach mhéadaithe;**
- **lánpháirtiú daoine a úsáideann drugaí a chur chun cinn, trí bhearta tacaíochta sóisialta, chomh maith le hinfhaighteacht roghanna malartacha ar choinneáil réamhthrialach agus smachtbhannaí comhéigneacha i leith cionta a bhaineann le drugaí a neartú agus a leathnú.**

## III. AN TSLÁNDÁIL A FHEABHSÚ AGUS AN TSOCHAÍ A CHOSAINT

Oibríonn líonraí gáinneála ar dhrugaí ar fud an domhain agus tugann siad leo foréigean, éilliú, insíothlú an gheilleagair dhlíthiúil agus dochar don tsochaí. Tá líonraí gáinneála ag tabhairt méideanna cócaoin nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo isteach san Aontas, chomh maith le drugaí aindleathacha eile. Tá sé ríthábhachtach an choireacht a bhaineann le drugaí a chosc agus cur isteach uirthi chun líonraí coiriúla a bhriseadh, chun cur isteach ar bhealaí gáinneála agus chun deireadh a chur le saoráidí táirgthe drugaí.

Cuireann an straitéis creat cuimsitheach ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar staid na ndrugaí, ag díriú ar phríomh-shaincheisteanna a bhaineann le gáinneáil ar dhrugaí. Comhlánaítear é le plean gníomhaíochta tiomnaithe lena sainítear gníomhaíochtaí tosaíochta sonracha ar gá tuilleadh forbartha nó iarrachtaí méadaithe a dhéanamh ina leith. Is é is aidhm don phlean gníomhaíochta feabhas a chur ar an tslándáil mar fhreagairt ar staid reatha na ndrugaí agus is féidir é a chomhlánú le bearta breise ag brath ar éabhlóid staid na ndrugaí.

### Tosaíocht straitéiseach 4: Feabhas a chur ar fhorfheidhmiú an dlí agus ar an gcomhar breithiúnach

*Cuirfidh an tAontas dlús lena iarrachtaí deireadh a chur le líonraí coiriúla ardriosca a chuireann le leathadh drugaí aindleathacha ar fud a chríche. Is éard atá i gceist leis sin rialacha níos déine a mholadh chun dul i ngleic leis an gcoireacht eagraithe, cumais na n-údarás forfheidhmithe dlí agus na n-údarás breithiúnach maidir le himscrúdú agus ionchúiseamh a threisiú, fáltais ó ghníomhaíochtaí coiriúla a aisghabháil, agus cur isteach ar oibríochtaí coiriúla laistigh de chórais phríosúin.*

#### *4.1. Creat dlíthiúil éifeachtach i gcoinne na gáinneála ar dhrugaí*

Molfaidh an Coimisiún **rialacha athbhreithnithe in aghaidh na coireachta eagraithe** in 2026, rud a threiseoidh roghanna chun deireadh a chur leis na líonraí coireachta eagraithe atá taobh thiar den gháinneáil ar dhrugaí. Ina theannta sin, déanfaidh sé meastóireacht ar an gCinneadh Réime maidir le gáinneáil ar dhrugaí[40] chun a mheas an bhfuil sé fós oiriúnach dá fheidhm, agus déanfaidh sé measúnú go háirithe ar an méid a rannchuidíonn sé le comhar éifeachtach trasteorann. Déanfaidh an Coimisiún measúnú freisin ar an ngá atá leis an Ordú Imscrúdaithe Eorpach a neartú chun feabhas a chur ar bhailiú trasteorann fianaise in ábhair choiriúla.

### *4.2. Cumais na n-údarás forfheidhmithe dlí agus na n-údarás breithiúnach a neartú*

Tá sé dúshlánach imscrúdú a dhéanamh ar oibríochtaí coireachta eagraithe agus gáinneála ar dhrugaí laistigh den tírdhreach coiriúil atá ann faoi láthair. Chun na líonraí sin a dhíchóimeáil go héifeachtach, tá gá le hiarrachtaí comhordaithe ó údaráis forfheidhmithe dlí agus ó údaráis bhreithiúnacha, le tacaíocht ó chomhar láidir trasteorann agus ó mhalartú faisnéise. De réir mar a éiríonn líonraí coiriúla níos sofaisticiúla, ní mór freagairtí forfheidhmithe dlí agus breithiúnacha a oiriúnú, agus úsáid á baint as teicneolaíochtaí nua agus as an intleacht shaorga. Ba cheart do na Ballstáit tosaíocht a thabhairt d'fheabhas a chur ar chumais na n-údarás sin gáinneáil ar dhrugaí a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh go héifeachtach, agus uirlisí dlíthiúla agus oibríochtúla feabhsaithe á n-úsáid acu.

Cuirfidh an **tArdán Eorpach Ildisciplíneach neartaithe i gCoinne Bagairtí Coiriúla** borradh faoin gcomhar oibríochtúil trasteorann. Sainaithníodh i dtimthriall nua den Ardán Eorpach Ildisciplíneach i gCoinne Bagairtí Coiriúla príomhthosaíochtaí chun gáinneáil ar dhrugaí a chomhrac agus chun na líonraí coiriúla is bagraí a shainaithint agus cur isteach orthu[41].

Tacóidh **gníomhaireachtaí agus comhlachtaí de chuid an Aontais** leis na húdaráis náisiúnta sa chomhrac i gcoinne na gáinneála ar dhrugaí. Le gníomhaíochtaí Europol maidir le gáinneáil ar dhrugaí, cuirtear creat ar fáil le haghaidh comhar oibríochtúil. Déanfar a shainordú a threisiú, mar a fógraíodh i straitéis Eorpach um an tslándáil inmheánach, lena gcuirfear tacaíocht neartaithe ar fáil do na Ballstáit chun gáinneáil ar dhrugaí a chomhrac. Tacaíonn Eurojust le húdaráis bhreithiúnacha náisiúnta chun líonraí gáinneála ar dhrugaí a ionchúiseamh go héifeachtúil. Fónfaidh a shainordú neartaithe freisin don chomhrac i gcoinne na gáinneála ar dhrugaí trí chur le cumas Eurojust tacú le cionta a bhaineann le drugaí a imscrúdú agus a ionchúiseamh. Cuirfidh Údarás Custaim nua an Aontais Eorpaigh agus Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh ar chumas na n-údarás custaim anailís riosca a dhéanamh ar leibhéal an Aontais agus tuilleadh feabhais a chur ar an gcomhar idir comhlachtaí custaim agus comhlachtaí forfheidhmithe dlí eile.

Le sainordú nuashonraithe EUDA, méadaítear a chumas faireachán a dhéanamh ar fhorbairt an mhargaidh drugaí agus freagairtí fianaisebhunaithe a sholáthar chun iad a chomhrac. Cuirfidh CEPOL, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí, borradh faoina thacaíocht do na Ballstáit trí fhothú acmhainneachta agus oiliúint. Leis an athneartú atá beartaithe ar Frontex, an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta, soláthrófar ardteicneolaíocht faireachais agus uirlisí feasachta staide dó. Cuirfidh sé sin le cumas Frontex

[40] Cinneadh Réime 2004/757/CGB ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2004 lena leagtar síos forálacha íosta maidir leis na heilimintí a chomhdhéanann gníomhartha coiriúla agus maidir le pionóis i réimse na gáinneála aindleathaí ar dhrugaí, IO L 335, 11.11.2004, lch. 8.

[41] Conclúidí ón gComhairle i mí an Mheithimh 2025 maidir le feabhas a chur ar an Ardán Eorpach Ildisciplíneach i gCoinne Bagairtí Coiriúla agus maidir le tosaíochtaí an Aontais i ndáil le coireacht don chéad timthriall eile den Ardán Eorpach Ildisciplíneach i gCoinne Bagairtí Coiriúla 2026-2029, 9397/25.

coireacht trasteorann ag teorainneacha seachtracha, lena n-áirítear gáinneáil ar dhrugaí, a bhrath, a chosc agus a chomhrac. Ba cheart tuilleadh sineirgí leis an Nascacht Shlán agus le Cláir Spáis an Aontais a fhorbairt chun cumais Frontex a neartú i réimsí na cumarsáide sláine, an tsuímh athléimnigh, na loingseoireachta agus an uainithe, agus fhaire na cruinne.

### *4.3. An t-airgead a leanúint chun eagraíochtaí coiriúla a chomhrac*

Tá sé ríthábhachtach an t-airgead a leanúint chun an choireacht eagraithe agus líonraí gáinneála ar dhrugaí a chomhrac. In 2024, threisigh an tAontas an creat dlíthiúil maidir le frithsciúradh airgid[42] agus maidir le haisghabháil agus coigistiú sócmhainní, agus béim á leagan aige ar a thábhachtaí atá imscrúduithe airgeadais chun cur isteach ar eagraíochtaí coiriúla. Ba cheart do na Ballstáit na rialacha neartaithe **maidir le haisghabháil agus coigistiú sócmhainní[43]** a ionchorprú sa dlí náisiúnta gan mhoill agus leas iomlán a bhaint astu.

Chun pobail áitiúla agus gnólachtaí dlisteanacha a chosaint, ba cheart don Aontas agus do na Ballstáit dlús a chur leis na hiarrachtaí **insíothlú coiriúil i ngnólachtaí dlíthiúla** a bhrath agus a chosc, agus an cur chuige riaracháin á shaothrú acu[44]. Chun sócmhainní coiriúla a rianú agus a urghabháil, ní mór don Aontas féachaint ar chleachtais nuálacha chun sciúradh airgid a bhrath agus brabúis na coireachta eagraithe a rianú. Mar a léiríodh i straitéis Eorpach um an tslándáil inmheánach, tá an Coimisiún ag féachaint an bhféadfaí córas nua uile-Aontais a bhunú chun maoiniú na sceimhlitheoireachta a rianú. Chun freagairt do bhagairt na coireachta eagraithe, leathnóidh sé an measúnú chun brabúis na coireachta eagraithe a chumhdach freisin.

Ina theannta sin, díreofar iarrachtaí ar fheabhas a chur ar úsáid teicneolaíochtaí amhail ardanailísíocht agus IS chun idirbhearta cripteashócmhainní a rianú, ag díriú ar oibríochtaí airgeadais eagraíochtaí coiriúla, go háirithe i gcásanna coireachta mar sheirbhís.

Spreagann éilliú gach céim den gháinneáil ar dhrugaí, rud a bhaineann an bonn den gheilleagar dleathach agus is minic a bhíonn sé fite fuaite le himeaglú. Is príomhthosaíocht i gcónaí é dul i ngleic leis an éilliú chun deireadh a chur leis an gcoireacht eagraithe agus leis an ngáinneáil ar dhrugaí. Trí straitéis an Aontais in aghaidh an éillithe atá ar na bacáin, neartóidh an Coimisiún bearta chun aghaidh a thabhairt ar bhagairt agus ar úsáid an éillithe ag an gcoireacht eagraithe. Ina theannta sin, oibreoidh an Coimisiún leis na comhreachtóirí chun go bhféadfar an treoir maidir leis an éilliú a chomhrac a ghlacadh go pras[45].

### *4.4. Aghaidh a thabhairt ar gháinneáil ar dhrugaí i dtimpeallachtaí coinneála*

---

[42] Rialachán (AE) 2024/1624 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2024 maidir le cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun críocha an sciúrtha airgid nó mhaoiniú na sceimhlitheoireachta, IO L, 2024/1624, 19.6.2024.

[43] Treoir (AE) 2024/1260 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 maidir le haisghabháil agus coigistiú sócmhainní
agus coigistiú, IO L, 2024/1260, 2.5.2024.

[44] Conclúidí ón gComhairle i mí an Mheithimh 2016 maidir leis an gcur chuige riaracháin chun an choireacht thromchúiseach eagraithe a chosc agus a chomhrac, 9935/2016.

[45] Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an éilliú a chomhrac, a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2003/568/CGB ón gComhairle agus an Choinbhinsiúin maidir leis an gcomhrac i gcoinne éilliú a bhfuil oifigigh na gComhphobal Eorpach nó oifigigh Bhallstáit an Aontais Eorpaigh i dtreis ann agus lena leasaítear Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, COM/2023/234 final.

Ní chuirtear deireadh le gáinneáil ar dhrugaí mar gheall ar phríosúnacht. Baineann líonraí coiriúla leas as bealaí cumarsáide agus úsáideann siad cuairteoirí chun drugaí a smuigleáil isteach i bpríosúin agus chun oibríochtaí drugaí lasmuigh díobh a chomhordú. D'fhéadfadh imeaglú, iarrachtaí breabaireachta nó bagairtí díreacha a bheith i ndán d'fhoireann an phríosúin. Ní mór don Aontas sábháilteacht an phobail agus sláine na gcóras ceartais a chosaint ar an mbagairt sin. In éineacht leis na Ballstáit, ba cheart don Aontas réitigh fhianaisebhunaithe a chur chun cinn agus dea-chleachtais a chomhroinnt chun **cur isteach ar ghníomhaíocht choiriúil laistigh de chórais phríosúin**.

**Tosaíocht straitéiseach 5: Cur isteach ar bhealaí gáinneála ar dhrugaí**

*Tá an tAontas tiomanta do chur isteach ar líonraí gáinneála ar dhrugaí trí dhíriú ar bhealaí gáinneála ar muir, de thalamh agus san aer. Déanfar iarracht chomhchruinnithe chun gáinneáil ar dhrugaí i spásanna ar líne a chomhrac chun deireadh a chur leis na hoibríochtaí aindleathacha sin agus chun bac nach beag a chur ar ghníomhaíochtaí na líonraí coiriúla lena mbaineann.*

### *5.1. Gáinneáil ar dhrugaí trí bhealaí muirí a shainaithint agus deireadh a chur léi*

Déanann líonraí coiriúla drugaí a smuigleáil isteach i gcalafoirt na hEorpa ar mhórscála. Tá bealaí gáinneála ar dhrugaí muirí an-éagsúlaithe, lena n-áirítear trí na réigiúin is forimeallaí san Aontas, agus léirítear sna tuarascálacha go bhfuil athrú tagtha ar *modus operandi*, agus lastais drugaí ag teacht chuig raon níos leithne de chalafoirt bheaga Eorpacha. Chun na lastais sin a cheilt, úsáideann coirpigh modhanna nua ar minic nach féidir le húdaráis forfheidhmithe dlí ná údaráis mhuirí iad a bhrath. **Neartóidh** Europol **an anailís straitéiseach ar gháinneáil mhuirí** chun na riachtanais oibríochtúla a shainaithint maidir le cur isteach ar mhodhanna nua chun drugaí a iompar agus a cheilt.

**Ba cheart don Lárionad Anailíse agus Oibríochta Muirí (MAOC-N) a ghníomhaíochtaí a threisiú a thuilleadh**, go háirithe an faireachán ar shoithí a iompraíonn drugaí aindleathacha ar an mórmhuir.

Mar phríomhchreat an Aontais le haghaidh comhar príobháideach poiblí i gcoinne na gáinneála ar dhrugaí, roinnfidh an Coimisiún dea-chleachtais trí **Chomhghuaillíocht** mhéadaithe **na gCalafort Eorpach**, rud a chuirfidh feabhas ar athléimneacht na gcalafort ar fud an Aontais. Leis an Straitéis Eorpach um Chalafoirt atá ar na bacáin, leagfar béim ar an tslándáil, agus leas á bhaint as idirphlé straitéiseach le hoifigigh rialtais, le húdaráis chalafoirt, leis an earnáil phríobháideach, agus le príomhpháirtithe leasmhara eile. Is é an aidhm atá ann slándáil agus ullmhacht chalafoirt an Aontais a fheabhsú.

### *5.2. Aghaidh a thabhairt ar gháinneáil ar dhrugaí de thalamh, tríd an bpost agus trí bheartáin, agus tríd an eitlíocht*

Le táirgeadh méadaithe drugaí sintéiseacha, mar aon le leathnú tapa na ríomhthráchtála, cuirtear neart deiseanna ar fáil chun drugaí aindleathacha a smuigleáil trí sheirbhísí seachadta poist agus beartán. Cainníochtaí níos lú a gháinneáil i bpost agus i mbeartáin, ar cainníochtaí iad atá níos deacra a bhrath, rud a spreagann oibríochtaí gáinneála ar mhórscála go carnach. Chun feabhas a chur ar bhrath sreafaí aindleathacha drugaí, cuirfidh an tAontas comhar príobháideach poiblí chun cinn idir an **earnáil seachadta poist agus beartán, údaráis chustaim agus údaráis forfheidhmithe dlí.** Áirítear sa phlean gníomhaíochta i gcoinne na gáinneála ar dhrugaí céimeanna coincréiteacha chun an comhar sin a thabhairt ar aghaidh.

Tá lastais ardluacha, ísealtoirte ina bhfuil réamhtheachtaithe dearthóra[46] nó réamhtheachtaithe drugaí á smuigleáil níos mó agus níos mó trí aerbhealaí. Chomh maith leis an úsáid a bhaineann siad as eitlíocht tráchtála trí theacht i dtír ar chúiréirí daonna, úsáideann líonraí coiriúla eitleáin phríobháideacha, aerárthaí beaga agus eitiltí neamhsceidealaithe níos mó agus níos mó chun drugaí a smuigleáil gan bhrath. Oibreoidh an tAontas chun **faireachán agus rialuithe slándála na heitlíochta ginearálta a mhéadú**, lena n-áirítear malartú faisnéise méadaithe idir údaráis ábhartha na heitlíochta sibhialta agus údaráis forfheidhmithe dlí, lena n-áirítear údaráis chustaim.

***5.3. Feabhas a chur ar an bhfaireachán a dhéantar ar dhrugaí a dháiltear ar líne agus ar idircheapadh na ndrugaí sin***

Baineann coirpigh úsáid as an ngréasán oscailte agus dorcha araon chun drugaí aindleathacha a chur chun cinn, a dhíol agus a dháileadh. Tá cumais fheabhsaithe agus tacaíocht oibríochtúil de dhíth ar ghníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí chun na gníomhaíochtaí ar líne sin a bhrath agus a imscrúdú go héifeachtach, lena n-áirítear iad siúd ar an ngréasán dorcha agus ar na meáin shóisialta. Chun sábháilteacht a fheabhsú, mionaoisigh a chosaint agus scaipeadh ábhair neamhdhleathaigh ar líne a chomhrac, ní mór do sholáthraithe seirbhíse ar líne agus d'údaráis an **Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha (GSD)** a chomhlíonadh go hiomlán. Leanfaidh an Coimisiún d'fhaireachán agus d'fhorfheidhmiú a dhéanamh ar chomhlíonadh díchill chuí na n-ardán an-mhór ar líne agus na n-inneall cuardaigh faoin GSD. Ina theannta sin, trí **Fhóram Idirlín an Aontais** déanfar comhar deonach le hardáin ar líne a ghiaráil chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin agus chun dea-chleachtais a chomhroinnt maidir le cur isteach ar dhíolacháin drugaí ar líne agus cosc a chur ar earcú mionaoiseach ag líonraí coiriúla, trí bheith ag tógáil ar na bearta a chuimsítear sna Treoirlínte ón gCoimisiún maidir le bearta chun ardleibhéal príobháideachais, sábháilteachta agus slándála a áirithiú do mhionaoisigh ar líne, de bhun Airteagal 28(4) de Rialachán (AE) 2022/2065[47]. Mar chuid d'Fhóram Idirlín an Aontais, cuirfidh an ghníomhaíocht seo feabhas ar ról ardáin na meán sóisialta maidir le húsáid drugaí a chosc, agus béim ar leith á leagan ar theagmháil a dhéanamh le daoine óga, i gcomhar le EUDA[48].

**Tosaíocht straitéiseach 6: Táirgeadh drugaí sintéiseacha agus réamhtheachtaithe a chomhrac**

*Chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán a bhaineann le méadú ar tháirgeadh agus allmhairiú drugaí sintéiseacha agus gáinneáil orthu, cuirfidh an tAontas borradh faoi iarrachtaí oibríochtúla chun saotharlanna folaitheacha a bhrath agus deireadh a chur leo go sábháilte agus stop a chur le hinsreabhadh réamhtheachtaithe drugaí.*

***6.1. Cumais oibríochtúla a neartú chun saotharlanna folaitheacha a bhrath agus deireadh a chur leo***

Is dúshlán mór fós é saotharlanna folaitheacha a tháirgeann agus a onnmhairíonn drugaí sintéiseacha agus substaintí sícighníomhacha nua a bhrath agus a dhíchóimeáil. Is tosaíocht

[46] Dlúthcheimiceán atá gaolmhar le réamhtheachtaí druga nach eol aon úsáid dhlisteanach a bheith aige seachas taighde agus nuálaíocht
[47] Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha) IO L 277, 27.10.2022, lch. 1.
[48] Ag tógáil ar na bearta a áirítear sna Treoirlínte ón gCoimisiún maidir le bearta chun ardleibhéal príobháideachais, sábháilteachta agus slándála a áirithiú do mhionaoisigh ar líne, de bhun Airteagal 28(4) de Rialachán (AE) 2022/2065.

thábhachtach den Ardán Eorpach Ildisciplíneach i gCoinne Bagairtí Coiriúla iad na substaintí sin, ina n-oibríonn na póilíní agus lucht custaim le chéile chun torthaí a bhaint amach. Le tacaíocht ón Ardán Eorpach Ildisciplíneach i gCoinne Bagairtí Coiriúla, rannchuideoidh EUDA le tuiscint níos fearr a fháil ar tháirgeadh drugaí coiriúla ar chríoch an Aontais trí **bhunachar sonraí Eorpach** a fhorbairt maidir le **teagmhais táirgthe drugaí**, i gcomhar leis na Ballstáit atá buailte.

Tá sé casta saotharlanna táirgthe drugaí a dhíchóimeáil agus tá rioscaí tromchúiseacha sláinte ag baint leis don phobal agus d'fhorfheidhmiú an dlí, mar aon le rioscaí comhshaoil. Chun aghaidh a thabhairt air sin, cuirfidh an Coimisiún agus na Ballstáit treoirlínte agus prótacail ar fáil chun cuidiú le forfheidhmiú an dlí **saotharlanna drugaí sintéiseacha** folaitheacha a bhrath agus deireadh a chur leo trí úsáid a bhaint as ardteicneolaíochtaí braite agus cláir oiliúna speisialaithe. Is é is aidhm don chur chuige sin rioscaí d'fhorfheidhmiú an dlí agus do dhochar don chomhshaol a laghdú. Ina theannta sin, cruthóidh Europol agus CEPOL treoracha maidir le ceimiceáin agus trealamh urghafa a iompar agus a dhiúscairt go sábháilte, leagfaidh siad amach dea-chleachtais chun saotharlanna a dhíchóimeáil go sábháilte, agus feabhsóidh siad oiliúint agus acmhainneachtaí sa réimse sin.

### *6.2. Dul i ngleic le hatreorú réamhtheachtaithe drugaí agus réamhtheachtaithe dearthóra agus gáinneáil orthu*

Is minic a bhaintear mí-úsáid as réamhtheachtaithe drugaí chun drugaí sintéiseacha agus substaintí sícighníomhacha nua a tháirgeadh, rud atá ina bhagairt nach beag don tsábháilteacht phoiblí. Tá an t-athbhreithniú a rinne an Coimisiún ar an reachtaíocht maidir le réamhtheachtaithe fíor-riachtanach chun feabhas a chur ar an bhfaireachán agus ar an rialú a dhéantar ar réamhtheachtaithe drugaí agus ar réamhtheachtaithe dearthóra[49]. Is é is aidhm don togra seo cumhacht a thabhairt d'údaráis forfheidhmithe agus d'oibreoirí eacnamaíocha idirbhearta amhrasacha a shainaithint ar bhealach níos éifeachtaí, agus ar an gcaoi sin feabhas a chur ar an gcomhar agus ar an bhforairdeall maidir le táirgeadh neamhdhleathach drugaí a chosc. Chun cabhrú leis an gcur chun feidhme, déanfaidh EUDA faireachán ar fhorbairtí a bhaineann le hatreorú réamhtheachtaithe drugaí agus gáinneáil orthu. Rannchuideoidh sé freisin le cur chun feidhme dhlí an Aontais maidir le réamhtheachtaithe drugaí trí Stór Faisnéise maidir le Réamhtheachtaithe Drugaí a fhorbairt, ina mbeidh faisnéis faoi réamhtheachtaithe lena n-éascaítear comhroinnt faisnéise chun iad a shainaithint. Ina theannta sin, ba cheart don Aontas dlús a chur leis an obair le comhpháirtithe idirnáisiúnta chun faireachán a dhéanamh ar tháirgeadh agus atreorú aindleathach réamhtheachtaithe drugaí agus gáinneáil orthu, lena n-áirítear réamhtheachtaithe drugaí dearthóra, agus chun cur isteach orthu ina dhiaidh sin. Chun imscrúduithe fóiréinseacha a éascú ar an leibhéal náisiúnta, cuirfidh an tAontas dlús lena thacaíocht chun réamhtheachtaithe a úsáidtear i saoráidí táirgthe drugaí a bhrath.

[49] COM (2025) 747 final.

**Príomhthosaíochtaí**

**Déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:**

- **plean gníomhaíochta tiomnaithe an Aontais i gcoinne gáinneáil ar dhrugaí a chur chun feidhme, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus le gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais;**
- **meastóireacht a dhéanamh ar an gCinneadh Réime atá ann cheana maidir le gáinneáil ar dhrugaí in 2026;**
- **straitéis Eorpach um Chalafoirt a chur i gcrích agus béim láidir á leagan ar shlándáil calafort;**
- **oibreoidh sé leis na comhreachtóirí chun glacadh tapa na rialacha nua maidir le réamhtheachtaithe a chur chun cinn;**
- **measúnú a dhéanamh ar a indéanta atá sé córas nua uile-Aontais a bhunú chun maoiniú a bhaineann leis an gcoireacht eagraithe agus leis an sceimhlitheoireacht araon a rianú.**

**Déanfaidh EUDA, le tacaíocht ón Ardán Eorpach Ildisciplíneach i gCoinne Bagairtí Coiriúla, an méid seo a leanas:**

- **bunachar sonraí Eorpach a fhorbairt maidir le teagmhais i ndáil le táirgeadh drugaí.**

**Moltar do na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:**

- **acmhainneachtaí na n-údarás náisiúnta a threisiú chun gáinneáil ar dhrugaí a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh;**
- **na rialacha neartaithe maidir le haisghabháil agus coigistiú sócmhainní a ionchorprú sa dlí náisiúnta agus a chur chun feidhme;**
- **insíothlú coiriúil i ngnólachtaí dlíthiúla a bhrath agus a chosc tríd an gcur chuige riaracháin.**

## IV. AGHAIDH A THABHAIRT AR RIOSCAÍ AGUS AR DHOCHAR

Is ábhar imní atá ag dul i méid é an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag substaintí aindleathacha ar dhaoine a úsáideann drugaí, ar spásanna poiblí agus ar an tsochaí. Leis an méadú atá ag teacht ar shubstaintí sícighníomhacha nua láidre, tá méadú ag teacht ar an mbaol go bhfaighidh daoine bás mar gheall ar ródháileog, agus leis an ngáinneáil ar dhrugaí tugtar isteach foréigean agus dochar don chomhshaol do phobail áitiúla. Chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin, ní mór don Aontas díriú ar rioscaí agus dochar a bhaineann le drugaí a laghdú go mór, mar aon le hullmhacht a fheabhsú.

**<u>Tosaíocht straitéiseach 7: Dochar aonair a bhaineann le drugaí a laghdú</u>**

*I leanúntas cúraim lena mbaineann cosc agus cóireáil, méadóidh an tAontas agus na Ballstáit infhaighteacht idirghabhálacha éifeachtacha laghdaithe dochair agus riosca chun na daoine a úsáideann drugaí a chosaint ar dhochar.*

### *7.1. Infhaighteacht agus cumhdach idirghabhálacha fianaisebhunaithe maidir le dochar agus laghdú riosca a mhéadú*

De réir mar a bhíonn rioscaí nua ag baint le drugaí nua, ní mór do na Ballstáit idirghabhálacha laghdaithe dochair a leathnú agus a oiriúnú. Tá dlúthchomhar idir gairmithe sláinte agus sóisialta, an tsochaí shibhialta agus piarghrúpaí ríthábhachtach. Ba cheart idirghabhálacha a chomhtháthú le gníomhaíochtaí eile chun an tsláinte a chur chun cinn chun pobail ardriosca a shroicheadh, mar shampla trí sheomraí le haghaidh tomhaltas drugaí sábháilte agus maoirsithe, saoráidí seiceála drugaí nó aonaid shoghluaiste a sholáthraíonn tacaíocht sláinte agus shóisialta. Ní mór bearta laghdaithe riosca agus dochair, lena n-áirítear gníomhaíochtaí a dtacaítear leo trí chistí an bheartais chomhtháthaithe, a leabú i mbeartais agus i réaltachtaí réigiúnacha agus áitiúla, agus gníomhaithe ag obair le chéile chun sláinte, sábháilteacht agus slándáil phobalbhunaithe a chur chun cinn.

Ní mór díriú go sonrach ar idirghabhálacha laghdaithe dochair lena bhféachtar leis na rioscaí a bhaineann le ródháileog, galair thógálacha agus ionfhabhtuithe atá bagrach don bheatha a chosc nó a laghdú. Iarrtar ar na Ballstáit bearta a dhéanamh chun an riosca maidir le **ródháileog drugaí agus bás** a chosc nó a laghdú, go háirithe i ndáil le substaintí ópóideacha, trí rochtain a mhéadú ar idirghabhálacha fianaisebhunaithe amhail cóireálacha agónaithe ópóideacha agus nalocsón, lena n-áirítear cláir nalocsóin a ghlactar sa bhaile. Tá straitéisí nuálacha ríthábhachtach freisin chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a bhaineann le drugaí nua, amhail cannaibionóidigh shintéiseacha, agus modhanna úsáide nua amhail gairis vápála.

Trí iarrachtaí breise ba cheart díriú ar **ionfhabhtuithe fuil-iompartha** a bhaineann le drugaí a chosc, a chóireáil agus a laghdú, go háirithe VEID agus heipitíteas C (HCV), chomh maith le galair atá inchoiscthe trí vacsaíniú amhail heipitíteas A agus B. Ba cheart rochtain a bheith ag daoine a insteallann drugaí ar idirghabhálacha tarrthála atá bunaithe ar threoir EUDA agus ECDC maidir le galair thógálacha a chosc agus a rialú[50]. Tá cláir snáthaide agus steallaire atá ar fáil go forleathan mar aon le tástáil agus cóireáil dheonach VEID agus heipitítis C ríthábhachtach. Comhoibreoidh an Coimisiún le Fóram na Sochaí Sibhialta maidir le Drugaí chun **bacainní sistéamacha a dhéanann difear do phobail leochaileacha a shainaithint**, lena n-áirítear daoine a úsáideann drugaí.

Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar **idirghabhálacha tiomnaithe laghdaithe dochair** a fhorbairt agus a chur chun feidhme le haghaidh grúpaí sonracha atá i mbaol. Áirítear orthu sin daoine a bhfuil neamhoird mheabhairshláinte orthu, daoine i suíomhanna coinneála, LADTIA+, imircigh, chomh maith le daoine óga i suíomhanna áineasa amhail clubanna oíche nó féilte.

### *7.2. An fhianaise maidir le hidirghabhálacha éifeachtacha laghdaithe dochair a scaipeadh*

[50] An Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC) agus an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí (EMCDDA) (2023), Galair thógálacha a chosc agus a rialú i measc daoine a insteallann drugaí.

Cé go bhfuil bearta éagsúla laghdaithe riosca agus dochair ann chun pobail ardriosca a shroicheadh, ba cheart bearta nuálacha breise a chur ar fáil de réir mar a fhorbraíonn drugaí agus úsáid drugaí. Déanfaidh EUDA athbhreithniú ar éifeachtacht idirghabhálacha nua agus roinnfidh sé dea-chleachtais trí bhunachar sonraí laghdaithe dochair. Áiritheofar leis na hiarrachtaí sin go mbeidh faisnéis ar fáil go forleathan chun **tacú le caighdeáin cháilíochta a fhorbairt** maidir le laghdú dochair.

Ag tógáil ar an rath a bhí ar an gCuraclam Eorpach um Chosc, forbróidh EUDA clár oiliúna tiomnaithe chun feabhas a chur ar chur chun feidhme beart fianaisebhunaithe maidir le laghdú dochair. Cuideoidh an **Curaclam Eorpach um Laghdú Dochair** leis na Ballstáit acmhainneacht a fhorbairt maidir le laghdú dochair ar fud na hEorpa.

**<u>Tosaíocht straitéiseach 8: Tionchair shóisialta agus chomhshaoil a mhaolú</u>**

*Méadóidh an tAontas na hiarrachtaí chun an choireacht a chosc chun an foréigean méadaitheach a bhaineann leis an ngáinneáil aindleathach ar dhrugaí a chomhrac, agus aird ar leith á tabhairt ar dhaoine óga a chosaint ar earcaíocht sa choireacht agus ar an dochar a dhéanann drugaí aindleathacha don tsochaí, do phobail áitiúla agus don chomhshaol a laghdú.*

***8.1. Aghaidh a thabhairt ar fhoréigean a bhaineann le drugaí agus dlús a chur le cosc na coireachta***

Tá an foréigean a bhaineann le drugaí ag éirí níos casta, agus is minic a bhíonn baint aige leis an gcoireacht eagraithe, rud a chruthaíonn timthriallta dochair a mbíonn tionchar acu ar shábháilteacht agus slándáil ár mbailte, ár gcathracha agus ár bpobal áitiúil. Tá leanaí agus daoine óga an-leochaileach toisc gur féidir leo a bheith ina n-íospartaigh, ina ndéantóirí agus ina n-earcaigh do na grúpaí sin. Chun dul i ngleic leis an bhforéigean drugaí, tá sé d'aidhm ag an Aontas cur isteach ar líonraí coiriúla agus póilíneacht phobalbhunaithe a chur chun cinn lena gcomhtháthaítear sábháilteacht an phobail le tionscnaimh sláinte poiblí. Faoi **Chlár Oibre AE le haghaidh na gCathracha**, tacóidh an Coimisiún le húdaráis áitiúla trí thionscadail áitiúla nuálacha a chur chun cinn agus trí mhalartuithe dea-chleachtais a éascú. Is é is aidhm don tacaíocht sin athléimneacht agus comhtháthú an phobail a fheabhsú chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin slándála agus lánpháirtíochta sóisialta, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le saincheisteanna a bhaineann le drugaí. Ina theannta sin, déanfaidh EUDA taighde agus faireachán chun tuiscint níos fearr a fháil ar **fhoréigean a bhaineann le drugaí** ar leibhéil éagsúla.

Cuirfidh an tAontas dlús freisin leis na hiarrachtaí chun cosc a chur ar dhaoine óga a earcú sa choireacht eagraithe, lena n-áirítear bearta ar líne agus **bearta coisctheacha fianaisebhunaithe**. Moltar do na Ballstáit timpeallachtaí cosanta do dhaoine óga a neartú, trí úsáid a bhaint as dea-chleachtais atá ar fáil trí Lárionad Eolais Líonra an Aontais um Chosc na Coireachta. Chun na hiarrachtaí sin a dhéanamh, tá gá le comhar i measc lucht forfheidhmithe dlí, oibrithe sóisialta, gairmithe sláinte agus na sochaí sibhialta. Forbróidh an Líonra Eorpach um Chosc na Coireachta **bosca uirlisí tiomnaithe chun aghaidh a thabhairt ar mhionaoisigh a bheith á n-earcú ag líonraí coiriúla** chun tacú leis na hiarrachtaí sin.

Ina theannta sin, chun leanaí a chosaint ar gach cineál coireachta, lena n-áirítear coireacht a bhaineann le drugaí ar líne agus as líne, molfaidh an tAontas **Plean Gníomhaíochta maidir le**

**Leanaí a Chosaint ar an gCoireacht**, mar a fógraíodh sa Straitéis Eorpach um an tSlándáil Inmheánach.

### *8.2. Aghaidh a thabhairt ar stiogma agus idirdhealú a bhaineann le drugaí*

Ní mór don Eoraip dul i ngleic leis an **stiogma** a bhaineann le húsáid drugaí agus le neamhoird ghaolmhara[51], toisc go mbíonn tionchar diúltach aige ar mheabhairshláinte agus ar shláinte fhisiciúil daoine aonair. D'fhéadfadh sé bac a chur ar a gcumas tacaíocht a lorg agus imeascadh sa tsochaí, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le luathfhágáil scoile i measc daoine óga. Ba cheart taithí daoine aonair a ndéanann stiogma a bhaineann le drugaí difear dóibh a chomhtháthú sna beartais, go háirithe trí rannpháirtíocht leanúnach leis an tsochaí shibhialta, lena n-áirítear daoine a úsáideann drugaí agus cliaint seirbhísí a bhaineann le drugaí. Cuirfidh an tAontas feabhas ar fheasacht, cuirfidh sé comhroinnt faisnéise chun cinn, agus cothóidh sé foghlaim fhrithpháirteach trí Ardán Bheartas Sláinte an Aontais, trí Thairseach um Dhea-Chleachtais an Aontais maidir leis an tSláinte Phoiblí, agus trí thionscadail taighde arna gcistiú ag Fís Eorpach. Ina theannta sin, ba cheart infheistíocht ó CSE+ agus CFRE a shineirgiú le cistí agus cláir eile de chuid an Aontais chun tacú go cuimsitheach leis an gcuimsiú sóisialta.

### *8.3. Cur chuige inscne-fhreagrúil a ghlacadh i leith fheiniméan na ndrugaí*

Bíonn tionchar difriúil ag staid na ndrugaí ar fhir agus ar mhná, agus is mná iad thart ar an gceathrú cuid díobh siúd a bhfuil fadhbanna tromchúiseacha drugaí acu, ach níl ach an cúigiú cuid díobh siúd ag dul faoi chóireáil. Tháinig méadú 76 % ar bhásanna mar gheall ar ródháileog i measc na mban san Aontas ó 2013 go 2023, rud a léiríonn bacainní breise a bhíonn roimh mhná maidir le rochtain a fháil ar sheirbhísí sláinte agus sóisialta.

Ba cheart do na Ballstáit bearta **inscne-fhreagrúla** a chur chun feidhme laistigh de gach colún straitéise chun rochtain neamh-idirdhealaitheach saor ó bhacainní ar sheirbhísí a áirithiú, go háirithe maidir le cóireáil agus laghdú dochair. Ba cheart go n-áireofaí ar sheirbhísí saincheaptha roghanna do mhná amháin, cúram leanaí, agus tacaíocht speisialaithe atá bunaithe ar thráma.

Ina theannta sin, is féidir le gnéaschlaonadh agus féiniúlacht inscne difear a dhéanamh do rochtain ar sheirbhísí sláinte. Is minic a bhíonn rioscaí níos airde roimh dhaoine LADTIA+ maidir le dúshláin mheabhairshláinte agus foréigean, mar a tugadh faoi deara i Straitéis um Chomhionannas LADTIA+ 2026-2030 an Choimisiúin[52]. Tá sé ríthábhachtach aghaidh a thabhairt ar idirdhealú agus ar bhacainní do dhaoine LADTIA chun tionchair dhiúltacha ar an tsláinte a laghdú agus chun rochtain chothrom ar sheirbhísí a áirithiú.

### *8.4. Aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a bhaineann le tiomáint faoi thionchar drugaí*

[51] Conclúidí ón gComhairle i mí na Nollag 2022 maidir le cur chuige atá bunaithe ar chearta an duine i mbeartais drugaí, 15818/22.

[52] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Aontas an Chomhionannais: Straitéis um Chomhionannas LADTIA+ 2026-2030, COM/2025/725 final.

Meastar go bhfuil suas leis an gceathrú cuid de bhásanna ar bhóithre san Aontas, os cionn 19 940 bás san iomlán in 2024, nasctha le halcól agus/nó le drugaí[53]. Chun tacú le Fís Nialais[54] agus leis an aidhm deireadh a chur le básanna ar bhóithre faoi 2050, ba cheart don Aontas bearta a chur chun feidhme chun cosc a chur ar thiomáint ag a bhfuil fadhbanna drugaí agus ar thionóiscí arb iad tiománaithe atá faoi thionchar drugaí is cúis leo.

Leis an Treoir nua maidir le Ceadúnais Tiomána[55], tá gealltanas tugtha ag na Ballstáit **beartais neamhfhulaingthe** a ghlacadh maidir le **tiomáint faoi thionchar drugaí**. Moltar do na Ballstáit scéimeanna neamhfhulaingthe a chuirtear i bhfeidhm go ginearálta a thabhairt isteach ina ndlí náisiúnta.

I bhfianaise mhinicíocht ard na dtiománaithe nuacheadúnaithe, ar daoine óga iad den chuid is mó, i dtionóiscí bóthair a bhaineann le tiomáint faoi thionchar an óil agus úsáid drugaí, moltar do na Ballstáit freisin rialacha níos déine a chur i bhfeidhm maidir le tiománaithe nuacheadúnaithe i gcomhréir leis an Treoir. Ba cheart tacú leis sin trí **iarrachtaí feasachta náisiúnta spriocdhírithe lena gcuirtear i dtábhacht na contúirtí a bhaineann le tiomáint faoi thionchar drugaí**, atá dírithe go sonrach ar dhaoine fásta óga. Thairis sin, leis an Treoir nua maidir le Dícháiliú Tiomána agus leis an Treoir athbhreithnithe maidir le Malartú Trasteorann Faisnéise, beifear in ann faisnéis faoi chionta tráchta a bhaineann le drugaí a chomhroinnt idir na Ballstáit, rud a chuirfidh cosc ar dhul i ngleic le hiompraíocht chontúirteach a bhaineann le tiomáint faoi thionchar drugaí.

### *8.5. Aghaidh a thabhairt ar an dochar a bhaineann le drugaí don chomhshaol*

Déanann saothrú agus táirgeadh drugaí dochar nach beag don chomhshaol san Eoraip agus ar fud an domhain araon. Bíonn dramhaíl cheimiceach ann mar gheall ar choireacht eagraithe, ar dramhaíl í a eascraíonn as táirgeadh drugaí sintéiseacha, lena mbaineann rioscaí tromchúiseacha don chomhshaol agus do phobail áitiúla. Mar shampla, gineann táirgeadh kg amháin de MDMA thart ar 58 kg de dhramhaíl thocsaineach. Draenálann táirgeadh cannabais uisce agus fuinneamh ach bíonn tionchar aige freisin ar thruailliú uisce agus aeir[56].

Ní mór deireadh a chur le saotharlanna drugaí aindleathacha ar bhealach lena n-áirithítear sábháilteacht na ngníomhairí forfheidhmithe dlí agus lena gcuirtear an tionchar ar an gcomhshaol san áireamh. Déanfaidh an tAontas modhanna a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun **drugaí aindleathacha urghafa**, réamhtheachtaithe, ceimiceáin, dramhaíl agus trealamh atá neamhdhochrach don chomhshaol **a láimhseáil, a iompar, a dhiúscairt agus a scriosadh** go

[53] An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht na Soghluaisteachta agus an Iompair, Modijefsky, M., Janse, R., Spit, W., et al., *Prevention of driving under the influence of alcohol and drugs: final report* [Tiomáint faoi thionchar alcóil agus drugaí a chosc : tuarascáil chríochnaitheach], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2022, https://data.europa.eu/doi/10.2832/284545

[54] Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin, Creat Beartais an Aontais um Shábháilteacht ar Bhóithre 2021-2030 - Na chéad chéimeanna eile i dtreo 'Fís Nialais', SWD (2019) 283 final.

[55] Treoir (AE) 2025/2205 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2025 maidir le ceadúnais tiomána, lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir (AE) 2022/2561 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/126/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 383/2012 ón gCoimisiún; *IO L, 2025/2205, 5.11.2025*

[56] An Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí agus Europol (2022), *Margadh Drugaí an Aontais*: *Cannabas — Grinnanailís*.

sábháilte. I gcomhréir le Comhshocrú an Aontais lena dtugtar aghaidh ar bhagairtí drugaí sintéiseacha nua[57], cuirfidh CEPOL agus EUDA feabhas ar an oiliúint d'fhorfheidhmiú an dlí maidir leis na rioscaí slándála agus sláinte a bhaineann leis na saoráidí sin a dhíchóimeáil. Neartóidh an tArdán Eorpach Ildisciplíneach i gCoinne Bagairtí Coiriúla an comhar oibríochtúil chun borradh a chur faoin acmhainneacht saotharlanna drugaí sintéiseacha a dhíchóimeáil.

Tá an Coimisiún ag cabhrú leis na Ballstáit **an Treoir nua maidir le Coireacht Chomhshaoil**[58] a chur chun feidhme, lena dtugtar aghaidh ar chionta amhail truailliú, bainistiú neamhdhleathach dramhaíola, scrios gnáthóg, agus astarraingt neamhdhleathach uisce.

Molann an Coimisiún do na Ballstáit an choireacht chomhshaoil a nascadh go sainráite le gníomhaíochtaí coiriúla eile, amhail táirgeadh drugaí agus gáinneáil orthu, sna straitéisí náisiúnta a cheanglaítear orthu a fhorbairt faoin 21 Bealtaine 2027. Is é is aidhm don lánpháirtiú sin éifeachtacht na straitéisí a fheabhsú trí aghaidh a thabhairt ar chineál idirnasctha na gcoireanna sin.

Chun drugaí aindleathacha a tháirgeadh, is minic a úsáideann an choireacht eagraithe cleachtais atá dochrach don chomhshaol amhail dífhoraoisiú nó dianúsáid uisce. Tá sé ríthábhachtach feabhas a chur ar bhrath na gcleachtas sin mar gheall ar an ról atá acu maidir le triomach, scrios gnáthóg agus cailliúint na bithéagsúlachta a ghéarú.

**Príomhthosaíochtaí**

**Déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:**

- **bosca uirlisí tiomnaithe de chuid an Aontais a fhorbairt agus a scaipeadh, trí Líonra an Aontais um Chosc na Coireachta, chun aghaidh a thabhairt ar earcú mionaoiseach ag líonraí coiriúla;**
- **an creat neartaithe den Ardán Eorpach Ildisciplíneach i gCoinne Bagairtí Coiriúla a ghiaráil le haghaidh comhar oibríochtúil i bhforfheidhmiú an dlí chun dul i ngleic le saoráidí táirgthe drugaí aindleathacha mar chuid de chur chun feidhme an phlean gníomhaíochta i gcoinne na gáinneála ar dhrugaí.**

**Déanfaidh EUDA an méid seo a leanas:**

- **an Curaclam Eorpach um Laghdú Dochair a fhorbairt chun tacú le fothú acmhainneachta maidir le hidirghabhálacha laghdaithe dochair ar fud an Aontais;**
- **oibriú i ndlúthchomhar leis na Ballstáit chun a mbearta coisricthe coireachta a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun tacú le pobail áitiúla agus le daoine óga.**

**Moltar do na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:**

- **infhaighteacht idirghabhálacha agus cumhdaigh dochair agus laghdaithe riosca a mhéadú chun ródháileoga drugaí, básanna agus ionfhabhtuithe fuil-iompartha a laghdú ar fud an Aontais;**

[57] Conclúidí ón gComhairle i mí an Mheithimh 2025 maidir leis an gComhshocrú lena dtugtar aghaidh ar bhagairtí drugaí sintéiseacha nua agus substaintí sícighníomhacha nua san Aontas Eorpach, 10265/25.

[58] Treoir (AE) 2024/1203 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil agus a chuirtear in ionad Threoracha 2008/99/CE agus 2009/123/CE, IO L, 2024/1203, 30.4.2024.

- **beartais neamhfhulaingthe a ghlacadh maidir le tiomáint faoi thionchar drugaí, i gcomhréir leis an Treoir maidir le Ceadúnais Tiomána, agus leas iomlán a bhaint as na huirlisí trasteorann atá ar fáil chun na rialacha sin a fhorfheidhmiú;**
- **leas iomlán a bhaint as an Treoir nua maidir le Coireacht Chomhshaoil chun freagairt do na dúshláin chomhshaoil a eascraíonn as táirgeadh drugaí agus gáinneáil orthu.**

## V. COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ LÁIDRE A THÓGÁIL

Bíonn tionchar nach beag ag beartais a bhaineann le drugaí i dtríú tíortha ar staid drugaí aindleathacha na hEorpa, ós rud é go gcomhoibríonn líonraí coiriúla laistigh den Aontas le contrapháirtithe idirnáisiúnta chun oibríochtaí gáinneála a leathnú. Dá bhrí sin, tá comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta ríthábhachtach chun go mbeidh beartas drugaí éifeachtach ag an Aontas. Laistigh den Aontas, tá gá le feabhas a chur ar chomhordú agus ar chomhpháirtíochtaí leis an tsochaí shibhialta agus le gníomhaithe príobháideacha. Cuireann sé sin foghlaim fhrithpháirteach chun cinn agus éascaíonn sé gníomhaíochtaí oibríochtúla comhpháirteacha, rud a thacaíonn le cur chuige cuimsitheach uile-shochaí.

**<u>Tosaíocht straitéiseach 9: An comhar idirnáisiúnta a neartú</u>**

*Agus cineál domhanda an fheiniméin á aithint aige, neartóidh an tAontas a chomhar leis na príomh-chomhpháirtithe idirnáisiúnta trí idirphlé a mbeidh tionchar aige, trí fhothú acmhainneachta agus trí chomhar oibríochtúil feabhsaithe.*

### *9.1. Cuspóirí comhair idirnáisiúnta an Aontais*

Iarrtar sa Straitéis Eorpach um an tSlándáil Inmheánach go ndéanfadh an tAontas a leasanna slándála a chosaint go gníomhach trí aghaidh a thabhairt ar bhagairtí seachtracha, trí chur isteach ar bhealaí gáinneála agus trí chonairí straitéiseacha a chosaint. Tá an tAontas tiomanta i gcónaí a bheith ina chomhghuaillí láidir le tíortha comhpháirtíochta, agus é ag comhoibriú chun feabhas a chur ar an tslándáil dhomhanda agus chun athléimneacht fhrithpháirteach a neartú, go háirithe i gcoinne bagairtí gáinneála ar dhrugaí.

Leagtar béim i gcaidreamh seachtrach an Aontais i réimse na ndrugaí ar an bhfreagracht chomhroinnte, ar an iltaobhachas, agus ar chur chuige atá dírithe ar an bhforbairt, lena n-urramaítear cearta an duine, an dínit agus an smacht reachta. Tá an tAontas tiomanta i gcónaí do na prionsabail sin, agus molann sé cur chuige fianaisebhunaithe, comhtháite, cothrom agus ildisciplíneach maidir le beartas drugaí. Tacaíonn sé le hiarrachtaí tríú tíortha, agus iad ag teacht le coinbhinsiúin idirnáisiúnta maidir le rialú drugaí agus le hoibleagáidí maidir le cearta an duine, mar a leagtar amach sna conclúidí ón gComhairle maidir leis an gcur chuige atá bunaithe ar chearta an duine i mbeartais drugaí[59], i bPlean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Cearta an Duine agus

[59] Conclúidí ón gComhairle i mí na Nollag 2022 maidir le cur chuige atá bunaithe ar chearta an duine i mbeartais drugaí, 15818/22.

leis an Daonlathas 2020-2027[60], agus in ionstraimí ábhartha na Náisiún Aontaithe maidir le beartas drugaí. Ina theannta sin, tá seasamh láidir ag an Aontas i gcoinne phionós an bháis i ngach cás, rud a dhearbhaíonn a thiomantas do chearta an duine.

Oibreoidh an tAontas i gcomhar le **comhpháirtithe an mhéadaithe** chun straitéisí i gcoinne líonraí coireachta eagraithe a ailíniú, chun córais faisnéise faoi dhrugaí a fheabhsú, agus chun an comhar oibríochtúil a neartú. Áirítear leis sin tacú le faireachlanna náisiúnta drugaí agus córais luathrabhaidh a fhorbairt le haghaidh substaintí sícighníomhacha nua, i gcomhréir le dlí an Aontais; agus beartais drugaí atá fianaisebhunaithe, comhtháite agus cothrom a chur chun cinn, le tacaíocht ó EUDA. Chun lánpháirtiú brostaithe na dtíortha is iarrthóirí in ollstruchtúr slándála an Aontais a áirithiú, ba cheart don Aontas páirt chórasach a thabhairt do chomhpháirtithe an mhéadaithe agus tacú leo go córasach lena áirithiú go mbeidh rochtain acu ar uirlisí, ar threoir agus ar dheiseanna fothaithe acmhainneachta. Ar an gcaoi chéanna, féachfaidh an Coimisiún ar an gcomhar le tíortha is iarrthóirí maidir le slándáil calafort, amhail iad a áireamh mar bhreathnóirí i gcruinnithe de Chomhghuaillíocht na gCalafort Eorpach.

I gcomhar le **comhpháirtithe na Meánmhara Theas**, cuirfidh an tAontas chun cinn tuilleadh faireacháin agus measúnaithe ar threochtaí drugaí, comhar breithiúnach agus forfheidhmithe dlí, agus bainistiú comhtháite teorainneacha chun freagairt ar bhealach níos éifeachtúla don gháinneáil trasteorann ar dhrugaí, i gcomhréir le 'Slándáil, ullmhacht agus bainistiú imirce' an Chomhshocraithe don Mheánmhuir. An comhar oibríochtúil níos dlúithe idir EUDA, EUROPOL, CEPOL, Eurojust agus MAOC-N agus comhpháirtithe réigiúnacha, tá sé ríthábhachtach. Neartófar an comhar oibríochtúil leis an Afraic Thuaidh, leis an Meánoirthear agus leis an Murascaill, go háirithe maidir le táirgeadh drugaí agus gáinneáil orthu, agus béim á leagan ar 'captagon'.

Tá sé d'aidhm ag an Aontas feabhas a chur ar **chomhghuaillíochtaí idirnáisiúnta i gcoinne bagairtí drugaí sintéiseacha** trí oibriú le tríú tíortha tábhachtacha amhail na Stáit Aontaithe, Meicsiceo, an tSín agus an India chun deireadh a chur le táirgeadh drugaí aindleathacha, deireadh a chur le sreabhadh réamhtheachtaithe drugaí, agus borradh a chur faoin ullmhacht i gcoinne dúshláin a bhaineann le drugaí sintéiseacha. Díreoidh an comhar ar chur isteach ar bhealaí gáinneála ar dhrugaí, ar **athléimneacht na mol lóistíochta** ar fud an domhain a neartú, agus ar chur i gcoinne shaothrú na mórchalafort ag an gcoireacht eagraithe, go háirithe i Meiriceá Laidineach, san Afraic Thiar agus sna Balcáin Thiar.

Is ionstraim thábhachtach iad na bearta sriantacha i mbosca uirlisí seachtrach an Aontais, agus is féidir leo meascán beartais dea-chothromaithe a chomhlánú chun cur isteach ar an gcoireacht eagraithe thrasnáisiúnta agus í a laghdú go héifeachtach. Tá an Coimisiún ag féachaint faoi láthair ar roghanna le haghaidh **córas smachtbhannaí cothrománacha** lena ndíreofar ar dhaoine aonair agus ar ghrúpaí coiriúla eagraithe a bhfuil baint acu le smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine. Ós rud é gur minic a chothaíonn gáinneáil ar dhrugaí grúpaí coireachta eagraithe trasnáisiúnta agus go mbraitheann gáinneáil ar dhrugaí ar na sciúrtha airgid céanna, ar thrádálaithe criptea-airgeadra agus ar sholáthraithe seirbhíse eile dá n-oibríochtaí ina n-iomláine, féadfar machnamh a dhéanamh ar raon feidhme córais den sórt sin a leathnú, faoi réir plé leis na Ballstáit. Sainaithneoidh Toscaireachtaí an Aontais i ngach tír agus foréigiún ábhartha pointí fócasacha i

[60] Conclúidí ón gComhairle an 27 Bealtaine 2024 maidir le Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas 2020-2024 a ailíniú leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027, 9508/24.

measc a bhfoirne don chomhrac i gcoinne na coireachta eagraithe, agus beidh an deis ag na Ballstáit oifigigh idirchaidrimh a imscaradh chun na críche sin.

Beidh údaráis chustaim , údaráis forfheidhmithe dlí agus údaráis ábhartha i dtríú tíortha tábhachtacha rannpháirteach i bhfreagairtí oibríochtúla spriocdhírithe, lena n-áirítear tionscnaimh amhail aonaid imscrúdaitheacha agus lárionaid um chomhleá faisnéise. Ina theannta sin, tógfaidh an tAontas **comhpháirtíochtaí níos láidre** maidir le ceartas agus slándáil le tríú tíortha agus réigiúin thábhachtacha, rud a chuirfidh feabhas ar an gcomhar maidir le cúnamh dlíthiúil frithpháirteach, eiseachadadh, aisghabháil sócmhainní, agus coigistiú, go háirithe le tíortha i Meiriceá Laidineach, i Muir Chairib agus i réigiún na Meánmhara.

Ina theannta sin, oibreoidh an Coimisiún i gcomhar leis na Ballstáit agus le tíortha comhpháirtíochta chun iarrachtaí in aghaidh na gáinneála ar dhrugaí a neartú, agus an **Chomhghuaillíocht Eorpach i gcoinne Drugaí** a seoladh le déanaí á cur chun cinn, rud a chuirfidh feabhas ar éifeachtacht na gcuspóirí agus na straitéisí comhroinnte.

### *9.2. An t-idirphlé le tríú tíortha agus réigiúin a neartú*

Tá sé ríthábhachtach dul i mbun idirphlé le tríú tíortha chun cur chuige comhtháite cothrom maidir le beartas drugaí a chur chun cinn. Leanfaidh an tAontas d'idirphlé tiomnaithe maidir le drugaí le comhpháirtithe sna Balcáin Thiar, i gComhpháirtíocht an Oirthir, i Meiriceá Laidineach agus i Muir Chairib, san Áise Láir, agus go déthaobhach leis na Stáit Aontaithe, leis an tSín agus leis an gColóim. Is é is aidhm don idirphlé sin an comhar straitéiseach agus oibríochtúil a neartú, agus freagairtí a bhfuil tionchar acu a chothú. Ba cheart tús a chur le hidirphlé nua le tíortha nó réigiúin tosaíochta eile a ndéanann saincheisteanna drugaí difear mór dóibh. D'fhéadfadh idirphlé slándála aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna beartais drugaí, go háirithe gáinneáil, agus éascóidh malartuithe téamacha agus cruinnithe saineolaithe comhroinnt faisnéise agus comhordú gníomhaíochta, amhail leis an India chun atreorú agus gáinneáil réamhtheachtaithe drugaí a chosc.

Déanfaidh an tAontas ionstraimí taidhleoireachta, polaitiúla agus airgeadais a ghiaráil laistigh dá chreat beartais eachtraigh chun na hiarrachtaí sin a threisiú. Is féidir raon iomlán ionstraimí an Aontais, lena n-áirítear ICFCI agus misin an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta, a úsáid chun acmhainneachtaí forfheidhmithe dlí i dtríú tíortha a fheabhsú agus chun tacú le cur chuige uile-rialtais i leith an bheartais drugaí.

### *9.3. Comhar oibríochtúil*

De réir mar a bheidh líonraí gáinneála ar dhrugaí ar fud an domhain idirnasctha, cuirfidh an tAontas **borradh faoina fhreagairt oibríochtúil** trí chomhpháirtíochtaí le tríú tíortha agus réigiúin is iarrthóirí agus le tríú tíortha agus réigiúin thábhachtacha. Tá ról lárnach ag gníomhaireachtaí CGB san iarracht sin. Tá ról Europol maidir le hacmhainneachtaí straitéiseacha agus oibríochtúla a neartú i dtríú tíortha tábhachtacha ríthábhachtach chun cur isteach ar líonraí coiriúla trasnáisiúnta. Dá bhrí sin, tá Europol ag leathnú comhpháirtíochtaí seachtracha chun malartú faisnéise straitéiseach agus oibríochtúil a éascú, lena n-áirithítear go ndéantar imscrúduithe a chomhordú ar fud dlínsí. Tá ról Eurojust maidir le cásanna láidre a thógáil i gcoinne eagraíochtaí coiriúla agus ionchúisimh a éascú ríthábhachtach le haghaidh caingean dlí éifeachtach i gcoinne na coireachta trasnáisiúnta.

Tá EUDA tiomanta, tar éis a shainordaithe nua, d'fheabhas a chur ar an gcomhar idirnáisiúnta agus d'fhaireachán a dhéanamh ar staideanna drugaí i dtríú tíortha, ag tacú le beartais drugaí atá fianaisebhunaithe, comhtháite agus cothrom a fhorbairt. Mar chuid den Straitéis Eorpach um an tSlándáil Inmheánach, saothróidh an Coimisiún comhaontuithe breise idir an tAontas agus tríú tíortha maidir le comhar le Europol agus Eurojust, go háirithe iarrachtaí a leathnú chuig níos mó tíortha i Meiriceá Laidineach agus tacú le níos mó tríú tíortha a áireamh sa chreat den Ardán Eorpach Ildisciplíneach i gCoinne Bagairtí Coiriúla.

Coinneoidh an tAontas **cúnamh teicniúil agus** tionscnaimh **fothaithe acmhainneachta** agus cláir chomhair ar bun chun cuidiú le tríú tíortha aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna drugaí ar bhealach atá comhsheasmhach le hoibleagáidí maidir le cearta an duine, agus rachaidh sé i ngleic le dúshláin ar fud na n-earnálacha sláinte poiblí, forbartha, sábháilteachta agus slándála. Cuireann an tAontas agus a Bhallstáit i dtábhacht **beartais drugaí atá dírithe ar fhorbairt agus bearta forbartha malartacha agus inbhuanaithe**[61], lena gcuirtear bealach ar fáil chun soláthar drugaí a laghdú, an comhshaol a chosaint, agus borradh a chur faoi fhorbairt shocheacnamaíoch na réigiún atá buailte.

### *9.4. Ról ceannasach an Aontais a athdhearbhú maidir leis an gclár oibre idirnáisiúnta maidir le beartas drugaí a mhúnlú*

Tá an tAontas tiomanta i gcónaí do chóras iltaobhach atá bunaithe ar an dlí idirnáisiúnta agus ar phrionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe[62]. **Leanfaidh sé de bheith ar thús cadhnaíochta i bpróisis forbartha bheartas drugaí na Náisiún Aontaithe**, agus glacfaidh sé páirt ghníomhach sa Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha agus i gcomhlachtaí eile de chuid na Náisiún Aontaithe atá dírithe ar shláinte, ar chearta an duine agus ar fhorbairt. Cuimsítear leis an gcur chuige sin páirt a ghlacadh in ionaid iltaobhacha amhail Comhairle na hEorpa.

Leanfaidh an tAontas den chomhar straitéiseach le heagraíochtaí idirnáisiúnta a neartú, go háirithe le UNODC, arb é an príomhchomhlacht é laistigh de chóras na Náisiún Aontaithe chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna domhanda drugaí, leis an mBord Idirnáisiúnta um Rialú Támhshuanach, chomh maith le EDS agus leis an Eagraíocht Dhomhanda Chustaim. Tacóidh an tAontas freisin le comhordú ar fud chomhlachtaí ábhartha na Náisiún Aontaithe chun aghaidh a thabhairt go cuimsitheach agus go comhsheasmhach ar staid na ndrugaí.

## **Tosaíocht straitéiseach 10: Comhordú agus comhpháirtíochtaí straitéiseacha an Aontais a fheabhsú**

*Agus cineál trasearnálach an bheartais drugaí á aithint aige, geallann an tAontas na beartais sin a chur chun feidhme, lena n-áirítear an straitéis seo, trí chur chuige aontaithe uile-shochaí. Chuige sin, tá gá le dlúthchomhar idir institiúidí, comhlachtaí, gníomhaireachtaí agus Ballstáit*

[61] Conclúidí ón gComhairle ó mhí na Samhna 2018 maidir leis an bhForbairt Mhalartach: *Towards a new understanding of Alternative Development and related development-centred drug policy interventions – contributing to the implementation of UNGASS 2016 and the UN Sustainable Development Goals* [I dtreo tuiscint nua ar an bhForbairt Mhalartach agus ar idirghabhálacha gaolmhara atá dírithe ar an bhforbairt i mbeartas drugaí – rannchuidiú le cur chun feidhme UNGASS 2016 agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe], 14338/18.

[62] Conclúidí ón gComhairle i mí an Mheithimh 2025 maidir le tosaíochtaí an Aontais ag na Náisiúin Aontaithe le linn an 80ú seisiún de Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, Meán Fómhair 2025 – Meán Fómhair 2026, 10491/25

*an Aontais, agus páirt ghníomhach á tabhairt an tráth céanna do ghníomhaithe na sochaí sibhialta agus na hearnála príobháidí. Is é is aidhm don iarracht chomhoibríoch sin gníomhaíochtaí comhchoiteanna a neartú, an tionchar is mó is féidir a imirt, agus cur chuige cuimsitheach a áirithiú maidir le dúshláin a bhaineann le drugaí.*

### *10.1. Comhordú a neartú i measc institiúidí, chomhlachtaí agus ghníomhaireachtaí de chuid an Aontais agus na mBallstát*

Ní mór d'institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais **a ngníomhaíochtaí** a bhaineann le drugaí aindleathacha **a chomhordú**, lena n-áiritheofar comhlántacht laistigh dá sainorduithe faoi seach. Moltar do na Ballstáit a ngníomhaíochtaí a ailíniú leis an straitéis sin, agus acmhainní spriocdhírithe a leithdháileadh dá réir. Agus aitheantas á thabhairt do dhifríochtaí áitiúla agus réigiúnacha i staid na ndrugaí, ba cheart do na Ballstáit páirt a thabhairt **d'údaráis réigiúnacha agus áitiúla** i gcur chun feidhme na straitéise. Tá ról ríthábhachtach ag na húdaráis sin trí idirghabhálacha a chur in oiriúint do riachtanais an phobail, trí chomhar a chothú i measc páirtithe leasmhara, amhail seirbhísí sláinte, forfheidhmiú an dlí, agus eagraíochtaí pobail chun feabhas a chur ar iarrachtaí coisc, cóireála agus laghdaithe dochair. Ar leibhéal an Aontais, tá ról tábhachtach ag Coiste na Réigiún agus ag an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta maidir le forbairtí a bhaineann le drugaí.

Tá comhordú ar fud na n-earnálacha, go háirithe na hearnálacha sláinte, slándála agus ceartais, ríthábhachtach ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon. Le cuir chuige chomhtháite an phobail, lena mbaineann forfheidhmiú an dlí, na breithiúna, seirbhísí sóisialta agus cúraim sláinte, gníomhaireachtaí leigheasra, agus údaráis in earnálacha amhail an eitlíocht shibhialta agus an earnáil mhuirí, is féidir feabhas a chur ar thorthaí sláinte agus slándála. Tá an comhar sin ar fud earnálacha éagsúla ríthábhachtach chun réitigh chuimsitheacha a fhorbairt ar dhúshláin a bhaineann le drugaí.

Braitheann cur chun feidhme rathúil na Straitéise seo ar rialachas agus ar chomhordú éifeachtach. Dá bhrí sin, ós rud é go ndéantar athbhreithniú ar an straitéis agus go leagtar amach na treoracha a bheidh ann amach anseo, iarrtar ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh, le tacaíocht ón gCoimisiún, **creat cur chun feidhme** a fhorbairt. Leis an gcreat sin, ba cheart na páirtithe leasmhara a bhfuil baint acu le cur chun feidhme na dtosaíochtaí éagsúla a shainaithint go soiléir agus sineirgí agus comhsheasmhacht a chothú ar fud na mbeartas drugaí ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal áitiúil. Thairis sin, ba cheart dó féachaint ar bhealaí chun a áirithiú go gcoinneoidh gach Ballstát forléargas náisiúnta ar shaincheisteanna a bhaineann le drugaí trí chur chuige uile-rialtais. Cuirfidh sé sin feabhas ar chomhordú agus déanfaidh sé an tionchar beartais a uasmhéadú ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal áitiúil.

Ba cheart don Choimisiún agus do Chomhairle an Aontais Eorpaigh athbhreithniú tráthrialta a dhéanamh ar chur chun feidhme na straitéise, agus malartuithe a choinneáil ar bun leis na Ballstáit. Tabharfaidh gníomhaireachtaí de chuid an Aontais amhail EUDA agus Europol cúnamh chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na straitéise. Chun faireachán éifeachtach a dhéanamh ar bhearta drugaí, tá gá le bailiú sonraí agus táscairí tionchair, agus déanfaidh EUDA a Bhosca Uirlisí um Meastóireacht ar Bheartais a mhéadú chun rianú beacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar thorthaí, rud a éascóidh coigeartuithe tráthúla straitéise ar mhaithe leis an éifeachtacht is mó is féidir.

### *10.2. Rannpháirtíocht fhóinteach leis an tsochaí shibhialta a threisiú*

Le freagairtí beartais éifeachtacha, ní mór iad siúd a ndéanann saincheisteanna a bhaineann le drugaí difear díreach dóibh a chur san áireamh, agus leas á bhaint as a dtaithí chun bonn eolais a chur faoi réitigh atá stuama agus praiticiúil. Tá an tsochaí shibhialta ríthábhachtach chun beartais drugaí a fhorbairt ar an leibhéal náisiúnta, ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal idirnáisiúnta. Ar leibhéal an Aontais, leanfaidh Fóram na Sochaí Sibhialta maidir le Drugaí de bheith ina dhlúthchuid de chur chun feidhme na straitéise. Ina theannta sin, cuirfidh EUDA feabhas ar a chomhar tráthrialta leis an tsochaí shibhialta mar chuid dá shainordú nua.

Ar an leibhéal náisiúnta, ba cheart leas a bhaint as eolas na sochaí sibhialta ar threochtaí atá ag teacht chun cinn agus as freagairtí éifeachtacha chun beartais agus bearta a mhúnlú agus a chur chun feidhme. Tá sé ríthábhachtach leithdháileadh iomchuí acmhainní a áirithiú do gach seirbhís drugaí agus rannpháirtíocht na sochaí sibhialta a chothú ar gach leibhéal chun tacú le forbairt beartais chuimsitheach.

### *10.3. Comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí maidir le beartas drugaí a mhéadú*

Bíonn tionchar ag drugaí aindleathacha ar gach gné den tsochaí, lena n-áirítear san ionad oibre, agus is minic a dhéanann an choireacht eagraithe insíothlú ar an ngeilleagar dlíthiúil chun gáinneáil ar dhrugaí a chothú. Moltar do na Ballstáit comhoibriú leis an earnáil phríobháideach chun soláthar agus éileamh drugaí a laghdú agus chun aghaidh a thabhairt ar dhochar a bhaineann le drugaí. Cuirfidh an Coimisiún leis an rath a bhí ar *Chomhghuaillíocht na gCalafort Eorpach* trí **naisc níos dlúithe a bhunú le hoibreoirí príobháideacha**.

Tá sé ríthábhachtach comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a fhorbairt chun gáinneáil ar dhrugaí, insíothlú coiriúil agus atreorú réamhtheachtaithe a chomhrac, go háirithe le hearnálacha amhail na seirbhísí poist. Ba cheart na comhpháirtíochtaí sin a neartú freisin i réimse na sláinte agus an athimeasctha sa tsochaí, agus comhar á chothú le gníomhaithe príobháideacha ar féidir leo a bheith nuálach i réitigh sláinte. Is é is aidhm don chur chuige cuimsitheach sin iarrachtaí a chomhtháthú ar fud na n-earnálacha chun dul i ngleic go héifeachtach le dúshláin a bhaineann le drugaí.

**Príomhthosaíochtaí**

**Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhar le Comhairle an Aontais Eorpaigh agus leis na Ballstáit, an méid seo a leanas:**

- **idirphlé idirnáisiúnta le tríú tíortha agus le tríú réigiúin maidir le drugaí a neartú, lena n-áirítear iarrachtaí chun comhghuaillíochtaí idirnáisiúnta i gcoinne drugaí sintéiseacha a threisiú agus a leathnú;**
- **leanúint de bheith ar thús cadhnaíochta i rannpháirtíocht an Aontais i bpróisis bheartais drugaí na Náisiún Aontaithe agus cur chuige maidir le cearta an duine agus cur chuige cothrom i leith an bheartais drugaí a chur chun cinn.**

**Déanfaidh an Coimisiún, le tacaíocht ó ghníomhaireachtaí de chuid an Aontais, an méid seo a leanas:**

- **comhar oibríochtúil a neartú chun aghaidh a thabhairt ar gháinneáil ar dhrugaí le tíortha is iarrthóirí agus le tríú tíortha agus réigiúin thábhachtacha;**

- **oibriú i gcomhar leis na Ballstáit chun an Chomhghuaillíocht Eorpach i gcoinne Drugaí a chur chun cinn.**

**Ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:**

- **dlús a chur leis an rannpháirtíocht le Fóram na Sochaí Sibhialta maidir le Drugaí;**
- **comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí maidir le beartas drugaí a chur chun cinn.**

**Conclúid**

I dtimpeallacht dhothuartha na ndrugaí sa lá atá inniu ann, ní mór don Aontas bagairtí a réamh-mheas go réamhghníomhach, dochar a chosc agus gníomhú go cinntitheach chun an tsláinte agus an tslándáil a chosaint.

Baineann an choireacht eagraithe agus an gháinneáil ar dhrugaí an bonn den tslándáil dhomhanda, rud a spreagann foréigean, éilliú agus éagobhsaíocht laistigh de phobail, agus tá dúshláin mhóra sláinte ag baint le drugaí sintéiseacha nua láidre. Tá freagairt láidir chomhtháite ríthábhachtach, agus béim á leagan ar ullmhacht agus ar chosc.

Tá sé ríthábhachtach struchtúir sláinte poiblí a neartú atá dírithe ar chosc, ar chóireáil, ar athimeascadh sa tsochaí, agus ar laghdú dochair laistigh de leanúntas cúraim. Tá sé chomh tábhachtach céanna feabhas a chur ar fhorfheidhmiú an dlí agus comhpháirtíochtaí a chothú an tráth céanna lena dtugtar tús áite d'fholláine an duine. Tá sé ríthábhachtach réitigh inbhuanaithe a chur ar fáil chun ár gcreatlach shóisialta a chosaint agus chun cuidiú le caighdeáin dhomhanda a leagan síos dár gcomhpháirtithe.

Cuireann straitéis an Choimisiúin creat cuimsitheach ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin aindleathacha drugaí ar bhealach comhtháite, rud a threoraíonn páirtithe leasmhara chun saoránaigh agus pobail a chosaint ar choireacht eagraithe drugaí agus ar an dochar a dhéanann sí. Le cur chuige comhtháite uile-shochaí na straitéise sin, nasctar beartais sláinte agus slándála, rud a neartaíonn tairbhí sláinte agus a fheabhsaíonn bearta slándála. Tá an Coimisiún ag tnúth leis na saincheisteanna criticiúla sin a phlé le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle.

Tá sé ríthábhachtach iarrachtaí slándála agus sláinte a ailíniú chun freagairt chuimsitheach a thabhairt, lena n-áiritheofar todhchaí níos sábháilte agus níos sláintiúla do chách.